Parlaimint na hEorpa
2024-2029

an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

2025/0382(COD)

11.6.2026

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE, 2011/61/AE agus 2014/65/AE a mhéid a bhaineann le comhtháthú na margaí caipitil agus an mhaoirseacht orthu a fhorbairt a thuilleadh laistigh den Aontas
(COM(2025)0942 – C10-0327/2025 – 2025/0382(COD))

an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

Rapóirtéir don tuairim: Eero Heinäluoma

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 74

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE, 2011/61/AE agus 2014/65/AE a mhéid a bhaineann le comhtháthú na margaí caipitil agus an mhaoirseacht orthu a fhorbairt a thuilleadh laistigh den Aontas
(COM(2025)0942 – C10-0327/2025 – 2025/0382(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2025)0942),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagail 53 agus 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C10-0327/2025),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do na tuairimí réasúnaithe a thíolaic Teach Teachtaí na Seice agus Teach Teachtaí na hIodáile, faoi chuimsiú Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á mhaíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta,

– ag féachaint do thuairim ón mBanc Ceannais Eorpach an 9 Aibreán 2026[1],

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 18 Márta 2026[2],

– ag féachaint do Riail 60 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A10-0000/2026),

1. Ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

[1] IO C, C/2026/2837, 28.5.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/2837/oj.
[2] Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

Leasú 1

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Tá straitéis an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta ina cuid de straitéis an Choimisiúin chun fís den Aontas mar mhórchumhacht eacnamaíoch a sholáthar. Chun na críche sin, is gá margadh aonair a bhunú le haghaidh seirbhísí airgeadais trí aghaidh a thabhairt ar neamhéifeachtúlachtaí sa mhargadh atá ann de dheasca na hilroinnte, agus is gá freisin na margaí caipitil Eorpacha fíor-chomhtháite a chruthú a bheidh inrochtana ag na saoránaigh agus na gnólachtaí uile ar fud an Aontais. Tá sé tábhachtach freisin go mbainfear leas as acmhainneacht an Aontais ó thaobh na margaí airgeadais de trí rochtain a sholáthar ar mhaoiniú níos éifeachtúla, ar maoiniú é atá bunaithe ar na margaí caipitil, agus trí shreafaí caipitil trasteorann a éascú, agus leis sin ba cheart go dtacófaí le geilleagar an Aontais, go spreagfaí cruthú post agus go bhfeabhsófaí an t-iomaíochas.	(1) Tá straitéis an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta ina cuid de straitéis an Choimisiúin chun fís den Aontas mar mhórchumhacht eacnamaíoch a sholáthar. Chun na críche sin, is gá margadh aonair a bhunú le haghaidh seirbhísí airgeadais trí aghaidh a thabhairt ar neamhéifeachtúlachtaí sa mhargadh atá ann de dheasca na hilroinnte, agus is gá freisin na margaí caipitil Eorpacha fíor-chomhtháite a chruthú a bheidh inrochtana ag na saoránaigh agus na gnólachtaí uile ar fud an Aontais. Tá sé tábhachtach freisin go mbainfí leas as acmhainneacht mhargaí airgeadais an Aontais le soláthar rochtain ar mhaoiniú níos éifeachtúla bunaithe ar an margadh caipitil agus sreabha caipitil trasteorann a éascú, ar cheart dóibh tacú ***ar dtús*** le geilleagar an Aontais, cruthú fostaíochta a spreagadh agus feabhas a chur ar an iomaíochas.

Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Is gá margadh caipitil gan uaim a chothú ar fud an Aontais tríd an gcreat maoirseachta a neartú agus trí aghaidh a thabhairt ar an ilroinnt rialála, agus a	(2) Is gá margadh caipitil gan uaim a chothú ar fud an Aontais tríd an gcreat maoirseachta a neartú agus trí aghaidh a thabhairt ar an ilroinnt rialála, agus a

áirithiú ar an gcaoi sin gur fearr a bheidh margaí caipitil comhtháite ar fud an Aontais. Go sonrach, cé gur cheart comhtháthú na margaí caipitil san Aontas a bheith ina phróiseas atá faoi thionchar an mhargaidh ar deireadh, ***is féidir le*** bacainní áirithe a eascraíonn as creat reachtach an Aontais go háirithe bac ***a chur*** ar an dul chun cinn. ***Dá bhrí sin, ba*** cheart don Aontas díriú ar dheireadh a chur le bacainní in earnálacha na trádála, na hiarthrádála agus na bainistíochta sócmhainní, agus le bacainní lena gcuirtear bac ar ghlacadh na dteicneolaíochtaí nua. De réir mar a dhoimhnítear comhtháthú an mhargaidh, tá sé ríthábhachtach freisin go dtiocfaidh forbairt ar chreat maoirseachta an Aontais i gcomhréir leis.	áirithiú ar an gcaoi sin gur fearr a bheidh margaí caipitil comhtháite ar fud an Aontais. Go sonrach, cé gur cheart comhtháthú na margaí caipitil san Aontas a bheith ina phróiseas atá faoi thionchar an mhargaidh ar deireadh, ***cuireann*** bacainní áirithe a eascraíonn as creat reachtach an Aontais go háirithe bac ar an dul chun cinn. ***Cé gur*** cheart don Aontas díriú ar dheireadh a chur le bacainní in earnálacha na trádála, na hiarthrádála agus na bainistíochta sócmhainní, agus le bacainní lena gcuirtear bac ar ghlacadh na dteicneolaíochtaí nua***, ba cheart dó, an tráth céanna, cur leis na coimircí is gá chun cobhsaíocht airgeadais agus cosaint infheisteoirí a chosaint***. De réir mar a dhoimhnítear comhtháthú an mhargaidh, tá sé ríthábhachtach freisin go dtiocfaidh forbairt ar chreat maoirseachta an Aontais i gcomhréir leis.
	Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) I gcomhthéacs an chuspóra pholaitiúil reachtaíocht na seirbhísí airgeadais a shimpliú agus beartais an Aontais a chur chun feidhme ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla, tar éis don Choimisiún dul i gcomhairle leis na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha, leis an Údarás um Fhrithsciúradh Airgid agus um Chomhrac Mhaoiniú na Sceimhlitheoireachta (ÚCSA), leis an gComhairle agus le Parlaimint na hEorpa, sheol sé litir an 1 Deireadh Fómhair 2025 lenar laghdaíodh an tosaíocht a tugadh do chumhachtuithe neamhriachtanacha chun go bhfeidhmeoidh reachtaíocht Leibhéal 1 go héifeachtach. I gcás na gcumhachtuithe	(3) I gcomhthéacs an chuspóra pholaitiúil reachtaíocht na seirbhísí airgeadais a shimpliú agus beartais an Aontais a chur chun feidhme ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla, tar éis don Choimisiún dul i gcomhairle leis na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha, leis an Údarás um Fhrithsciúradh Airgid agus um Chomhrac Mhaoiniú na Sceimhlitheoireachta (ÚCSA), leis an gComhairle agus le Parlaimint na hEorpa, sheol sé litir an 1 Deireadh Fómhair 2025 lenar laghdaíodh an tosaíocht a tugadh do chumhachtuithe neamhriachtanacha chun go bhfeidhmeoidh reachtaíocht Leibhéal 1 go héifeachtach. I gcás na gcumhachtuithe

sin ar laghdaíodh an tosaíocht a tugadh dóibh agus a mbeadh ceangal dlí ar an gCoimisiún gníomhú ina leith (‘déanfaidh + dáta’), d’fheabhsófaí an tsoiléireacht dhlíthiúil do pháirtithe leasmhara agus an bunghníomh á leasú freisin.	sin ar laghdaíodh an tosaíocht a tugadh dóibh agus a mbeadh ceangal dlí ar an gCoimisiún gníomhú ina leith (‘déanfaidh + dáta’), d’fheabhsófaí an tsoiléireacht dhlíthiúil do pháirtithe leasmhara agus an bunghníomh á leasú freisin. ***An tráth céanna, chun a áirithiú go mbeidh na hathchóirithe atá beartaithe éifeachtach agus go mbeidh tionchar acu, tá sé ríthábhachtach go mbeidh sprioc-am soiléir ag gabháil leis na cumhachtuithe riachtanacha.***
	Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Ní aithnítear i dTreoracha 2009/65/CE ná 2011/61/AE coincheap an ghrúpa bainistíochta sócmhainní ná na sineirgí agus na rioscaí gaolmhara a ghabhann leis sin. Faoi láthair, tá ceangal ar ghrúpaí bainistíochta sócmhainní a oibríonn ar fud an Aontais acmhainní daonna agus teicniúla neamhspleácha a choinneáil ar bun ar leibhéal gach grúpeintitis agus tá tarmligean na bhfeidhmeanna chuig eintitis eile laistigh den ghrúpa céanna faoi réir raon feidhme iomlán na gceanglas maidir le tarmligean. Chun oibríochtaí grúpaí bainistíochta sócmhainní sa Mhargadh Aonair a éascú, ba cheart aitheantas a thabhairt i dTreoir 2009/65/CE agus i dTreoir 2011/61/AE don choincheap maidir le grúpa AE de chuideachtaí bainistíochta agus Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha (‘BCIManna’), coincheap lenar cheart na cuideachtaí bainistíochta údaraithe agus na BCIManna uile a chuimsiú, chomh maith le gnólachtaí infheistíochta agus institiúidí creidmheasa	(5) Ní aithnítear i dTreoracha 2009/65/CE ná 2011/61/AE coincheap an ghrúpa bainistíochta sócmhainní ná na sineirgí agus na rioscaí gaolmhara a ghabhann leis sin. Faoi láthair, tá ceangal ar ghrúpaí bainistíochta sócmhainní a oibríonn ar fud an Aontais acmhainní daonna agus teicniúla neamhspleácha a choinneáil ar bun ar leibhéal gach grúpeintitis agus tá tarmligean na bhfeidhmeanna chuig eintitis eile laistigh den ghrúpa céanna faoi réir raon feidhme iomlán na gceanglas maidir le tarmligean. Chun oibríochtaí grúpaí bainistíochta sócmhainní sa Mhargadh Aonair a éascú, ba cheart aitheantas a thabhairt i dTreoir 2009/65/CE agus i dTreoir 2011/61/AE don choincheap maidir le grúpa AE de chuideachtaí bainistíochta agus Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha (‘BCIManna’), coincheap lenar cheart na cuideachtaí bainistíochta údaraithe agus na BCIManna uile a chuimsiú, chomh maith le gnólachtaí infheistíochta agus institiúidí creidmheasa

atá bunaithe san Aontas agus atá údaraithe go cuí faoi Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] agus faoi Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5], faoi seach. Chun comhroinnt na n-acmhainní uileghrúpa a éascú agus chun dúbailt neamhriachtanach na n-acmhainní ar fud eintitis AE dhifriúla laistigh den ghrúpa a sheachaint, ba cheart a shonrú thairis sin gur cheart cuideachtaí bainistíochta agus BCIManna a bheith in ann úsáid a bhaint as acmhainní daonna agus teicniúla na n-eintiteas eile laistigh dá ngrúpa AE chun a ngnó a dhéanamh. ***Thairis sin, chun laghdú a dhéanamh ar an ualach rialála atá ar chuideachtaí bainistíochta agus BCIManna a bhraitheann ar eintitis eile laistigh dá ngrúpa AE chun a bhfeidhmeanna nó a seirbhísí a dhéanamh, níor cheart na socruithe sin a cháiliú ina dtarmligean a thuilleadh agus níor cheart iad a bheith faoi réir na gceanglas maidir le tarmligean na bhfeidhmeanna, seachas an ceanglas údaráis inniúla Bhallstát baile na cuideachta bainistíochta nó an BCIM a chur ar an eolas go cuí go bhfuil a bhfeidhmeanna nó a seirbhísí á bhfeidhmiú ag eintitis eile laistigh den ghrúpa AE. Chun a áirithiú go n-oibreoidh na heintitis uile laistigh den ghrúpa céanna faoi chreat dlíthiúil, rialála agus maoirseachta coiteann, rud atá fíor-riachtanach chun ardleibhéal cosanta d'infheisteoirí agus formhaoirseacht éifeachtach a choinneáil ar bun, ba cheart a shoiléiriú thairis sin nach dtairbheoidh de na rialacha sin ach socruithe tarmligin agus comhroinnt acmhainní idir eintitis laistigh den ghrúpa céanna atá bunaithe san Aontas, agus ba cheart feidhm a bheith na rialacha sin gan beann ar cé acu atá máthairchuideachta grúpa AE lonnaithe laistigh nó lasmuigh den Aontas.*** Maidir le forálacha Threoir 2009/65/CE agus Threoir 2011/61/AE a mhéid a bhaineann le grúpaí AE de chuideachtaí bainistíochta

atá bunaithe san Aontas agus atá údaraithe go cuí faoi Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] agus faoi Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5], faoi seach. Chun comhroinnt na n-acmhainní uileghrúpa a éascú agus chun dúbailt neamhriachtanach na n-acmhainní ar fud eintitis AE dhifriúla laistigh den ghrúpa a sheachaint, ba cheart a shonrú thairis sin gur cheart cuideachtaí bainistíochta agus BCIManna a bheith in ann úsáid a bhaint as acmhainní daonna agus teicniúla na n-eintiteas eile laistigh dá ngrúpa AE chun a ngnó a dhéanamh. Maidir le forálacha Threoir 2009/65/CE agus Threoir 2011/61/AE a mhéid a bhaineann le grúpaí AE de chuideachtaí bainistíochta agus BCIManna, ní dhéanfaidh na forálacha sin difear do dhliteanas na gcuideachtaí bainistíochta agus BCIManna i leith na bhfeidhmeanna a fheidhmíonn eintitis eile den ghrúpa AE ná do na ceanglais maidir le comhdhlúthú stuamachta i gcás institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta de bhun Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

agus BCIManna, ní dhéanfaidh na forálacha sin difear do dhliteanas na gcuideachtaí bainistíochta agus BCIManna i leith na bhfeidhmeanna a fheidhmíonn eintitis eile den ghrúpa AE ná do na ceanglais maidir le comhdhlúthú stuamachta i gcás institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta de bhun Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

[4] Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoracha 2002/92/CE agus 2011/61/AE (athmhúnlú) IO L 173, 12.6.2014, lch. 349, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/65/oj).

[5] Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/34/oj).

[4] Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoracha 2002/92/CE agus 2011/61/AE (athmhúnlú) IO L 173, 12.6.2014, lch. 349, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/65/oj).

[5] Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/34/oj).

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Chun laghdú a dhéanamh ar éagothromaíochtaí náisiúnta sna coinníollacha dlíthiúla agus oibríochtúla is infheidhme maidir le bainisteoirí sócmhainní agus cistí infheistíochta ar fud	(6) Chun laghdú a dhéanamh ar éagothromaíochtaí náisiúnta sna coinníollacha dlíthiúla agus oibríochtúla is infheidhme maidir le bainisteoirí sócmhainní agus cistí infheistíochta ar fud

an Aontais, maidir le discréidí náisiúnta i dtaca le trasuí agus cur chun feidhme forálacha áirithe lena gceadaítear do na Ballstáit príomhrialacha a léirmhíniú, a fhorlíonadh, nó maolú orthu agus lena bhforchuirtear bacainní ar fhorbairt an Mhargaidh Aonair mar a leagtar síos faoi láthair i dTreoracha 2009/65/CE agus 2011/61/AE, is discréidí iad sin ba cheart a bhaint.	an Aontais, maidir le discréidí náisiúnta i dtaca le trasuí agus cur chun feidhme forálacha áirithe lena gceadaítear do na Ballstáit príomhrialacha a léirmhíniú, a fhorlíonadh, nó maolú orthu agus lena bhforchuirtear bacainní ar fhorbairt an Mhargaidh Aonair mar a leagtar síos faoi láthair i dTreoracha 2009/65/CE agus 2011/61/AE, is discréidí iad sin ba cheart a bhaint***, faoin 31 Nollaig 2028 ar a dhéanaí***.

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Faoi láthair, tarraingíonn gach Ballstát rialacha náisiúnta iompair agus rialacha stuamachta suas nach mór do chuideachtaí bainistíochta agus BCIManna a chomhlíonadh, rud a fhágann go bhfuil leabhair rialacha náisiúnta éagsúla ann a chuireann bac ar fhíor-Mhargadh Aonair a fhorbairt le haghaidh bainisteoirí cistí. Chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach agus cur chun feidhme comhsheasmhach na rialacha stuamachta agus na rialacha iompair maidir le cuideachtaí bainistíochta agus BCIManna ar fud an Aontais a áirithiú, ***féadfaidh*** ESMA ***treoirlínte*** a fhorbairt chun ábhar na rialacha sin a shonrú.	(7) Faoi láthair, tarraingíonn gach Ballstát rialacha náisiúnta iompair agus rialacha stuamachta suas nach mór do chuideachtaí bainistíochta agus BCIManna a chomhlíonadh, rud a fhágann go bhfuil leabhair rialacha náisiúnta éagsúla ann a chuireann bac ar fhíor-Mhargadh Aonair a fhorbairt le haghaidh bainisteoirí cistí. Chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach agus cur chun feidhme comhsheasmhach na rialacha stuamachta agus na rialacha iompair maidir le cuideachtaí bainistíochta agus BCIManna ar fud an Aontais a áirithiú, ***ba cheart é a chur de cheangal ar*** ESMA ***rialacha iompair uile-Aontais*** a fhorbairt chun ábhar na rialacha sin a shonrú.

Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) Chun laghdú a dhéanamh ar an ualach rialála atá ar chuideachtaí bainistíochta agus BCIManna a bhainistíonn GCUInna agus CIManna nó a bhfuil sé beartaithe acu iad a bhainistiú ar thionscnamh tríú páirtí, is gá é a chur de cheangal ar chuideachtaí bainistíochta agus BCIManna a nochtadh d'údaráis inniúla a mBallstáit baile tráth an údaraithe go bhfuil GCUInna agus CIManna á mbainistiú acu nó go bhfuil sé beartaithe acu iad a bhainistiú ar thionscnamh tríú páirtí agus go mbeidh siad i riocht a léiriú do na húdaráis inniúla sin***, arna iarraidh sin dóibh agus sa chás sin amháin,*** go bhfuil na bearta réasúnta uile déanta acu chun coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhainistiú, faireachán a dhéanamh orthu nó, i gcás inarb infheidhme, iad a nochtadh.	(8) Chun laghdú a dhéanamh ar an ualach rialála atá ar chuideachtaí bainistíochta agus BCIManna a bhainistíonn GCUInna agus CIManna nó a bhfuil sé beartaithe acu iad a bhainistiú ar thionscnamh tríú páirtí, is gá é a chur de cheangal ar chuideachtaí bainistíochta agus BCIManna a nochtadh d'údaráis inniúla a mBallstáit baile tráth an údaraithe go bhfuil GCUInna agus CIManna á mbainistiú acu nó go bhfuil sé beartaithe acu iad a bhainistiú ar thionscnamh tríú páirtí agus go mbeidh siad i riocht a léiriú do na húdaráis inniúla sin go bhfuil na bearta réasúnta uile déanta acu chun coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhainistiú, faireachán a dhéanamh orthu nó, i gcás inarb infheidhme, iad a nochtadh.

Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) Chun an comhtháthú a éascú d'fhonn acmhainneacht iomlán an Mhargaidh Aonair a bhaint amach, chun na pasanna bainistíochta agus margaíochta atá ann cheana i gcás GCUInna, cuideachtaí bainistíochta agus BCIManna a chomhlánú agus chun deireadh a chur le bacainní rialála lena gcuirtear bac ar sholáthar trasteorann seirbhísí taisclainne, is iomchuí pas taisclainne AE a thabhairt isteach. Le pas taisclainne den sórt sin, ba cheart deireadh a chur leis an srian atá ann faoi láthair, lena n-éilítear an taisclann a bheith bunaithe sa Bhallstát céanna leis an gciste, agus ceadófar do BCIManna agus do	(10) Chun an comhtháthú a éascú d'fhonn acmhainneacht iomlán an Mhargaidh Aonair a bhaint amach, chun na pasanna bainistíochta agus margaíochta atá ann cheana i gcás GCUInna, cuideachtaí bainistíochta agus BCIManna a chomhlánú agus chun deireadh a chur le bacainní rialála lena gcuirtear bac ar sholáthar trasteorann seirbhísí taisclainne, is iomchuí pas taisclainne AE a thabhairt isteach. Le pas taisclainne den sórt sin, ba cheart deireadh a chur leis an srian atá ann faoi láthair, lena n-éilítear an taisclann a bheith bunaithe sa Bhallstát céanna leis an gciste, agus ceadófar do BCIManna agus do

GCUInna taisclann atá bunaithe in áit ar bith san Aontas a cheapadh. Chun cosaint níos fearr a thabhairt d'infheisteoirí agus chun rioscaí cobhsaíochta airgeadais a mhaolú, níor cheart feidhm a bheith ag an bpas taisclainne ach amháin maidir le taisclanna atá údaraithe ina n-institiúidí creidmheasa faoi Threoir 2013/36/AE nó ina ngnólachtaí infheistíochta faoi Threoir 2014/65/AE agus atá faoi réir ceanglais stuamachta ***agus mhaoirseachta*** lena n-áirithítear coimircí comhsheasmhacha ó Bhallstát go chéile ***cheana féin***.	GCUInna taisclann atá bunaithe in áit ar bith san Aontas a cheapadh. Chun cosaint níos fearr a thabhairt d'infheisteoirí agus chun rioscaí cobhsaíochta airgeadais a mhaolú, níor cheart feidhm a bheith ag an bpas taisclainne ach amháin maidir le taisclanna atá údaraithe ina n-institiúidí creidmheasa faoi Threoir 2013/36/AE nó ina ngnólachtaí infheistíochta faoi Threoir 2014/65/AE agus atá faoi réir ceanglais stuamachta lena n-áirithítear coimircí comhsheasmhacha ó Bhallstát go chéile. ***Ina theannta sin, i bhfianaise a méide agus a gcineáil shistéamaigh, agus chun comhsheasmhacht mhaoirseachta a mhéadú agus deimhneacht dhlíthiúil trasteorann a áirithiú, ba cheart do ESMA cumhachtaí maoirseachta díreacha a fheidhmiú ar thaiscithe mar a rialaítear faoin Treoir seo, lena n-áirítear comhlíonadh leanúnach na gceanglas eagraíochtúil, dualgais maidir le cumhdach, faireachán agus formhaoirseacht ar shreabhadh airgid agus oibleagáidí eile.***

Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) Chun cineál éagsúlaithe bunúsach na n-urrúsuithe agus na ceanglais rialála a bhaineann leo a aithint agus chun go mbeidh níos mó solúbthachta ann do GCUInna infheistíocht a dhéanamh sna táirgí sin, is gá an teorainn 10 % atá ann faoi láthair ar urrúis fiachais arna n-eisiúint ag eintiteas aonair a mhéadú go 15 % i gcás GCUInna a dhéanann infheistíocht in urrúsuithe arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/2402.	***scriosta***

Leasú 10

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) Chun éifeachtúlacht na ngrúpaí bainistíochta sócmhainní móra a fheabhsú agus a gcuid oibríochtaí á struchtúrú acu agus chun deireadh a chur le bacainní ar a ngníomhaíocht trasteorann, tá sé fíor-riachtanach creat maoirseachta buan a bhunú ***lena ndéanfaidh*** ESMA, i gcomhar leis na húdaráis inniúla ábhartha, athbhreithnithe ***ar na grúpaí bainistíochta sócmhainní is mó*** ar bhonn bliantúil ar a laghad chun cleachtais mhaoirseachta atá éagsúil, dúblach, iomarcach nó easnamhach i gcásanna sonracha a shainaithint agus chun aghaidh a thabhairt orthu go héifeachtach. Ba cheart na hathbhreithnithe bliantúla sin a bheith teoranta don anailís ar shonraí, ar fhaisnéis agus ar dhoiciméadacht atá ar fáil cheana féin do ESMA agus d'údaráis inniúla náisiúnta trí bhealaí tuairiscithe atá ann cheana. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an athbhreithniú sin deireadh a chur le haon chonstaic ar fheidhmiú an Mhargaidh Aonair i gcás grúpaí bainistíochta sócmhainní ***móra*** agus a n-oibríochtaí trasteorann a éascú***. Dá bhrí sin, níor cheart a thuiscint gurb é atá sa chreat sin sainordú do ESMA samhlacha riosca nua ar leibhéal grúpa nó cineálacha cur chuige maoirseachta nua a fhorbairt, nach n-eascraíonn as Treoracha 2009/65/CE agus 2011/61/AE cheana féin, ach ina ionad sin, gur socrú é an creat céanna chun éifeachtúlachtaí maoirseachta a fheabhsú do ghrúpaí de chuideachtaí bainistíochta agus de BCIManna. Ba cheart raon feidhme an athbhreithnithe sin a bheith teoranta do***	(14) Chun éifeachtúlacht na ngrúpaí bainistíochta sócmhainní móra a fheabhsú agus a gcuid oibríochtaí á struchtúrú acu agus chun deireadh a chur le bacainní ar a ngníomhaíocht trasteorann, tá sé fíor-riachtanach creat maoirseachta buan a bhunú ***trína gcuirtear freagracht dhíreach ar*** ESMA ***as údarú agus maoirseacht grúpaí móra bainistíochta sócmhainní san Aontas. Ba cheart do ESMA na grúpaí sin a shainaithint ar bhonn mhéid mhór a láithreachta sa mhargadh agus a dtionchair laistigh den Aontas, arna dtomhas de réir a nglanluachanna sócmhainní agus fhairsinge a n-oibríochtaí agus a ngníomhaíochtaí trasteorann. I gcás grúpaí bainistíochta sócmhainní nach bhfuil suntasach, ba cheart do ESMA***, i gcomhar leis na húdaráis inniúla ábhartha, athbhreithnithe ***a dhéanamh*** ar bhonn bliantúil ar a laghad chun cleachtais mhaoirseachta atá éagsúil, dúblach, iomarcach nó easnamhach i gcásanna sonracha a shainaithint agus chun aghaidh a thabhairt orthu go héifeachtach. Ba cheart na hathbhreithnithe bliantúla sin a bheith teoranta don anailís ar shonraí, ar fhaisnéis agus ar dhoiciméadacht atá ar fáil cheana féin do ESMA agus d'údaráis inniúla náisiúnta trí bhealaí tuairiscithe atá ann cheana. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an athbhreithniú sin deireadh a chur le haon chonstaic ar fheidhmiú an Mhargaidh Aonair i gcás grúpaí bainistíochta sócmhainní agus a n-oibríochtaí trasteorann a éascú***, chomh maith le rioscaí do chosaint infheisteoirí, do chobhsaíocht airgeadais, nó do shláine an***

na ceanglais is infheidhme maidir le cuideachtaí bainistíochta agus BCIManna laistigh de ghrúpaí AE agus, dá bhrí sin, níl sé beartaithe aon cheanglas a chuimsiú ann maidir le húdarú na gcistí infheistíochta atá á mbainistiú ag na cuideachtaí bainistíochta agus ag na BCIManna sin ná maidir le maoirseacht ar na cistí sin. Is iomchuí agus is comhréireach freisin na hiarrachtaí sin a dhíriú ar na grúpaí bainistíochta sócmhainní is mó san Aontas, áit ar féidir sineirgí oibríochtúla agus maoirseachta a bhaint amach ar an mbealach is éifeachtaí. Ba cheart do ESMA ***na grúpaí sin a shainaithint ar bhonn mhéid mhór a láithreachta sa mhargadh agus a dtionchair laistigh den Aontas, arna dtomhas de réir a nglanluachanna sócmhainní agus fhairsinge a n-oibríochtaí agus a ngníomhaíochtaí trasteorann***.

mhargaidh a shainaithint. Ba cheart do ESMA ***an t-athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn níos minice i gcás ábhair imní a bhfuil údar leo maidir le rioscaí do chosaint infheisteoirí, cobhsaíocht airgeadais nó sláine an mhargaidh***.

Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) Chun a áirithiú ***gurb iad na heintitis sin a thairbhíonn de chomhordú maoirseachta feabhsaithe a íocfaidh*** na costais arna dtabhú ag ESMA agus ***na hathbhreithnithe*** á ***ndéanamh*** aige ar ghrúpaí móra AE de chuideachtaí bainistíochta agus BCIManna, ba cheart do ESMA táillí comhréireacha a ghearradh ar na grúpaí sin***. Ba cheart na costais réasúnta a bhaineann leis na hathbhreithnithe a ullmhú, a dhéanamh agus leis an obair leantach orthu*** a chumhdach ***leis na táillí sin. Beidh obair anailíseach agus chomhordúcháin nach beag i gceist leis na hathbhreithnithe sin,***	(15) Chun a áirithiú ***go gcumhdófar*** na costais arna dtabhú ag ESMA agus ***maoirseacht*** á ***déanamh*** aige ar ghrúpaí móra AE de chuideachtaí bainistíochta agus BCIManna, ba cheart do ESMA táillí comhréireacha a ghearradh ar na grúpaí sin ***chun caiteachas riachtanach ESMA a bhaineann lena maoirseacht*** a chumhdach***. Maidir le méid na táille maoirseachta aonair a ghearrfar ar ghrúpa AE de chuideachtaí bainistíochta agus BCIManna a bhfuil tábhacht shuntasach ag baint leis don Aontas, ba cheart é a bheith go hiomlán comhréireach lena mhéid, arna ríomh ar***

lena n-áirítear sonraí ar leibhéal grúpa a bhailiú agus a chomhdhlúthú, measúnú a dhéanamh ar chineálacha éagsúla cur chuige maoirseachta ar fud roinnt Ballstát agus earnálacha, agus moltaí a cheapadh chun maoirseacht chomhsheasmhach agus éifeachtach a áirithiú laistigh den Aontas. Tá údar le táillí a ghearradh as na hathbhreithnithe sin a dhéanamh toisc go n-áirithítear leis sin go mbeidh eintitis a thairbhíonn de thimpeallacht mhaoirseachta chomhchuibhithe, intuartha agus chuíchóirithe ag rannío c go cothrom leis na costais a bhaineann lena cur ar fáil.

bhonn a shócmhainní iomlána faoi bhainistíocht, agus beidh méid na táille sin ina léiriú ar chastacht agus próifíl riosca na straitéisí infheistíochta atá á saothrú.

Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 23 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(23a) Le Treoracha 2009/65/CE agus 2011/61/AE, ceadaítear do chuideachtaí bainistíochta agus do BCIManna dul i mbun teicnící éifeachtúla bainistithe punainne, amhail iasachtú urrús chun ioncam breise a ghiniúint d'infheisteoirí. Léirítear i staidéir a rinne ESMA agus Cónaidhm Eorpach na nInfheisteoirí agus na nÚsáideoirí Seirbhísí Airgeadais (Better Finance) éagsúlachtaí móra san ollioncam a ghintear le hidirbhearta iasachta urrús a tugadh ar ais d'infheisteoirí GCUI i mBallstáit áirithe. Is ábhar imní é sin maidir le cosaint infheisteoirí agus comhlíontacht cuideachtaí bainistíochta le treoirlínte ESMA maidir le ETFanna agus saincheisteanna GCUI eile lena gceanglaítear an t-ioncam uile a eascraíonn as teicnící éifeachtúla bainistithe punainne a thabhairt ar ais don chiste, glan ó chostais oibriúcháin

dhíreacha agus indíreacha. Chun níos mó deimhneacht dhlíthiúil agus cosaint infheisteoirí a áirithiú, ba cheart forálacha níos soiléire maidir le húsáid teicnící éifeachtúla bainistithe punainne a thabhairt isteach i dTreoracha 2009/65/CE agus 2011/61/AE.

Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 a (nua)
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 1 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. In Airteagal 1, scriostar mír 7;

Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe a
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 5 – mír 6 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Má chinneann údaráis inniúla Bhallstát baile an GCUI srianta a fhorchur nó na hathruithe sin a dhiúltú, cuirfidh siad an GCUI ar an eolas faoi sin laistigh de 1 mhí amháin tar éis dóibh an fógra dá dtagraítear sa chéad fhomhír a fháil. Féadfaidh na húdaráis inniúla síneadh suas le ***1 mhí*** a chur leis an tréimhse sin i gcás ina measfaidh siad go bhfuil gá leis sin mar gheall ar imthosca sonracha an cháis agus tar éis dóibh fógra a thabhairt don GCUI faoi. Cuirfear na hathruithe chun feidhme mura gcuirfidh na húdaráis inniúla	Má chinneann údaráis inniúla Bhallstát baile an GCUI srianta a fhorchur nó na hathruithe sin a dhiúltú, cuirfidh siad an GCUI ar an eolas faoi sin laistigh de 1 mhí amháin tar éis dóibh an fógra dá dtagraítear sa chéad fhomhír a fháil. Féadfaidh na húdaráis inniúla síneadh suas le ***15 lá*** a chur leis an tréimhse sin i gcás ina measfaidh siad go bhfuil gá leis sin mar gheall ar imthosca sonracha an cháis agus tar éis dóibh fógra a thabhairt don GCUI faoi. Cuirfear na hathruithe chun feidhme mura gcuirfidh na húdaráis inniúla

ábhartha i gcoinne na n-athruithe laistigh den tréimhse measúnaithe ábhartha.	ábhartha i gcoinne na n-athruithe laistigh den tréimhse measúnaithe ábhartha.

Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe b
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 5 – mír 8 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [***Cuir isteach dáta = 12*** mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo].	Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin **…** [***6*** mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo].

Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 – pointe b
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 12 – mír 3 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Chun a áirithiú go gcuirfear na rialacha stuamachta maidir le cuideachtaí bainistíochta i bhfeidhm go haonfhoirmeach agus chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go comhsheasmhach iad ó Bhallstát go chéile, ***féadfaidh*** ESMA ***treoirlínte a ghlacadh*** chun ábhar na rialacha sin a shonrú.	Chun a áirithiú go gcuirfear na rialacha stuamachta maidir le cuideachtaí bainistíochta i bhfeidhm go haonfhoirmeach agus chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go comhsheasmhach iad ó Bhallstát go chéile, glacfaidh ESMA ***caighdeáin theicniúla rialála*** chun ábhar na rialacha sin a shonrú.

Or. en

Leasú 17

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 – pointe b
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 12 – mír 3 – fomhír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin … [6 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo].

Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 – pointe b
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 12 – mír 3 – fomhír 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa dara fomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Or. en

Leasú 19

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 – pointe b
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 13 – mír 3 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) i mír 3, cuirtear an fhomhír seo leanas isteach:	***scriosta***

'De mhaolú ar mhír 1, i gcás ina mbraitheann cuideachta bainistíochta ar eintiteas laistigh dá grúpa AE chun na feidhmeanna dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a fheidhmiú nó na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 6(3) a sholáthar, ní mheasfar socrú den sórt sin a bheith ina tharmligean faoi réir na gceanglas a leagtar amach i mír 1, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:	
(a) is cuid de ghrúpa AE na cuideachta bainistíochta é an t-eintiteas;	
(b) tá fógra tugtha ag an gcuideachta bainistíochta d'údaráis inniúla a Ballstáit baile go bhfuil sí ag brath ar eintiteas eile laistigh dá grúpa AE chun a cuid feidhmeanna nó seirbhísí a fheidhmiú;	
(c) tá an t-eintiteas údaraithe go cuí chun na feidhmeanna nó na seirbhísí sin a fheidhmiú thar ceann na cuideachta bainistíochta.';	

Or. en

Leasú 20

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 – pointe a
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 14 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
'Cuideachtaí bainistíochta atá údaraithe i mBallstát, comhlíonfaidh siad rialacha iompair i gcónaí. Leis na rialacha iompair sin, áiritheofar an méid seo a leanas maidir le cuideachta bainistíochta:***;***	'Cuideachtaí bainistíochta atá údaraithe i mBallstát, comhlíonfaidh siad rialacha iompair ***uile-Aontais*** i gcónaí. Leis na rialacha iompair sin, áiritheofar an méid seo a leanas maidir le cuideachta bainistíochta:

Or. en

Leasú 21

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 – pointe a a (nua)
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 14 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(aa) i mír 1, cuirtear isteach na fomhíreanna seo a leanas:
	'Forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina sonrófar na rialacha iompair dá dtagraítear sa chéad fhomhír.'

Or. en

Leasú 22

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 – pointe a a (nua)
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 14 – mír 1 – fomhír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin … [6 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo].

Or. en

Leasú 23

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 – pointe a a (nua)
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 14 – mír 1 – fomhír 1 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa dara fomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de

Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Or. en

Leasú 24

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 – pointe b
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 14 – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
'Chun a áirithiú go gcuirfear na rialacha iompair dá dtagraítear i mír 1 i bhfeidhm go haonfhoirmeach agus chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go comhsheasmhach iad ó Bhallstát go chéile, féadfaidh ESMA treoirlínte a ghlacadh chun ábhar na rialacha sin a shonrú.	***scriosta***

Or. en

Leasú 25

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 a (nua)
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 14b – mír 1 – pointe g

An téacs atá ann	*Leasú*
	(9a) in Airteagal 14b, mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):
(g) i gcás ina mbaineann luach saothair le feidhmíocht, tá méid iomlán an luacha saothair bunaithe ar mheascán den mheasúnú ar fheidhmíocht an duine aonair agus an aonaid gnó nó an GCUI lena mbaineann agus ar a rioscaí agus ar thorthaí foriomlána na cuideachta bainistíochta agus measúnú á dhéanamh ar fheidhmíocht aonair, agus critéir airgeadais	'(g) i gcás ina mbaineann luach saothair le feidhmíocht, tá méid iomlán an luacha saothair bunaithe ar mheascán den mheasúnú ar fheidhmíocht an duine aonair agus an aonaid gnó nó GCUI lena mbaineann agus ar a rioscaí agus ar thorthaí foriomlána na cuideachta bainistíochta agus measúnú á dhéanamh ar fheidhmíocht aonair, agus critéir airgeadais agus neamhairgeadais á gcur san áireamh

agus neamhairgeadais á gcur san áireamh;	***ar bhealach comhionann***;’;

Or. en

(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A02009L0065-20260416)

Leasú 26

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 b (nua)
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 14b – mír 1 – pointe j

An téacs atá ann	*Leasú*
	(9b) in Airteagal 14b, mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (j):
(j) beidh comhpháirteanna seasta agus athraitheacha an luacha saothair iomláin cothromaithe go hiomchuí, agus gur cion sách ard den luach saothair iomlán í an chomhpháirt sheasta chun go bhféadfar beartas lán-solúbtha a fheidhmiú maidir le comhpháirteanna luacha saothair inathraithe, lena n-áirítear an fhéidearthacht gan aon chomhpháirt luacha saothair inathraithe a íoc;	‘(j) beidh comhpháirteanna seasta agus athraitheacha an luacha saothair iomláin cothromaithe go hiomchuí, agus is cion sách ard den luach saothair iomlán a bheidh sa chomhpháirt sheasta chun go bhféadfar beartas lán-solúbtha a fheidhmiú maidir le comhpháirteanna luacha saothair inathraithe, lena n-áirítear an fhéidearthacht gan aon chomhpháirt luacha saothair inathraithe a íoc; ***socróidh cuideachtaí bainistíochta na cóimheasa iomchuí idir an chomhpháirt sheasta agus an chomhpháirt athraitheach den luach saothair iomlán, sa chaoi nach sáróidh an chomhpháirt athraitheach 100 % den chomhpháirt sheasta den luach saothair iomlán do gach duine aonair. Féadfaidh na Ballstáit uaschéatadán níos ísle a shocrú***;’;

Or. en

(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A02009L0065-20260416)

Leasú 27

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 c (nua)

Treoir 2009/65/CE
Airteagal 14b – mír 1 – pointe l

An téacs atá ann	*Leasú*
	(9c) in Airteagal 14b, mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (l):
(l) leis an tomhas ar fheidhmíocht a úsáidtear chun comhpháirteanna luacha saothair inathraithe nó comhthiomsuithe comhpháirteanna luacha saothair inathraithe a ríomh, áirítear sásra cuimsitheach coigeartaithe chun gach cineál riosca ábhartha atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a chomhtháthú;	‘(l) leis an tomhas ar fheidhmíocht a úsáidtear chun comhpháirteanna luacha saothair inathraithe nó comhthiomsuithe comhpháirteanna luacha saothair inathraithe a ríomh, áirítear sásra cuimsitheach coigeartaithe chun gach cineál riosca ábhartha atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a chomhtháthú***, lena n-áirítear rioscaí aeráide agus aistrithe***;

Or. en

(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A02009L0065-20260416)

Leasú 28

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 d (nua)
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 14b – mír 1 – pointe r

An téacs atá ann	*Leasú*
	(9d) in Airteagal 14b, mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (r):
(r) ní íoctar luach saothair inathraithe trí mheáin ná trí mhodhanna lena n-éascaítear seachaint na gceanglas a leagtar síos sa Treoir seo.	‘(r) ní íoctar luach saothair inathraithe trí mheáin ná trí mhodhanna lena n-éascaítear seachaint na gceanglas a leagtar síos sa Treoir seo ***nó a bhfuil sé d’éifeacht acu dliteanas cánach an fhostaí a laghdú***.’;

Or. en

(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A02009L0065-20260416)

Leasú 29

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15 – pointe a
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 20a – mír 3 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Áiritheoidh údaráis inniúla Bhallstát baile an GCUI maidir leis an bhfaisnéis uile a bhailítear faoin Airteagal seo i leith na GCUInna uile a mhaoirsíonn siad, go gcuirfear an fhaisnéis sin ar fáil d'údaráis inniúla ábhartha eile, ESMA, an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE), an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) ***agus*** an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS), aon uair is gá chun a ndualgais a dhéanamh, trí bhíthin na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 101.	Áiritheoidh údaráis inniúla Bhallstát baile an GCUI maidir leis an bhfaisnéis uile a bhailítear faoin Airteagal seo i leith na GCUInna uile a mhaoirsíonn siad, go gcuirfear an fhaisnéis sin ar fáil d'údaráis inniúla ábhartha eile, ESMA, an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE), an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC)***,*** an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS) ***agus na comhaltaí den Chóras Eorpach Banc Ceannais***, aon uair is gá chun a ndualgais a dhéanamh, ***i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta,*** trí bhíthin na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 101.

Or. en

Leasú 30

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15 – pointe b
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 20a – mír 3 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:	***scriosta***
Déanfaidh údaráis inniúla Bhallstát baile an GCUI nó údaráis inniúla Bhallstát baile na cuideachta bainistíochta faisnéis a sholáthar, gan mhoill, trí bhíthin na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 101, agus go déthaobhach d'údaráis inniúla na mBallstát eile lena mbaineann go díreach, más rud é go bhféadfadh cuideachta bainistíochta atá faoina bhfreagracht, nó GCUI atá á bhainistiú ag an gcuideachta	

bainistíochta sin, a bheith ina foinse nó ina fhoinse thábhachtach riosca creidmheasa contrapháirtí d'institiúid creidmheasa nó d'institiúidí eile a bhfuil ábharthacht shistéamach leo i mBallstáit eile, nó do chobhsaíocht an chórais airgeadais i mBallstát eile.

Or. en

Leasú 31

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16 a (nua)
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 23 – mír 2 – fomhír 2 – an chuid réamhráiteach

An téacs atá ann	*Leasú*
	(16a) in Airteagal 23, mír 2, an dara fomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití:
Beidh eintiteas dlítheanach dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír faoi réir rialáil stuamachta agus maoirseacht leanúnach agus comhlíonfaidh sé na híoscheanglais seo a leanas:	'Beidh eintiteas dlítheanach dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír faoi réir ***maoirseacht leanúnach dhíreach agus forfheidhmiú ag ESMA i leith a chomhlíontachta le hoibleagáidí a leagtar síos sa Treoir seo, gan beann ar*** rialáil stuamachta agus maoirseacht leanúnach ***a fheidhmíonn bainc cheannais náisiúnta nó údaráis bhaincéireachta faoi Threoir 2013/36/AE*** agus comhlíonfaidh sé na híoscheanglais seo a leanas:';

Or. en

(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A02009L0065-20260416)

Leasú 32

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe b
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 31 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Chun a áirithiú go gcuirfear na rialacha stuamachta maidir le cuideachtaí infheistíochta i bhfeidhm go haonfhoirmeach agus chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go comhsheasmhach iad ó Bhallstát go chéile, ***féadfaidh*** ESMA treoirlínte a ghlacadh chun ábhar na rialacha dá dtagraítear i mír 1 a shonrú a thuilleadh.	2. Chun a áirithiú go gcuirfear na rialacha stuamachta maidir le cuideachtaí infheistíochta i bhfeidhm go haonfhoirmeach agus chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go comhsheasmhach iad ó Bhallstát go chéile, ***déanfaidh*** ESMA treoirlínte a ghlacadh ***faoin 31 Nollaig 2027 i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010*** chun ábhar na rialacha dá dtagraítear i mír 1 a shonrú a thuilleadh.

Or. en

Leasú 33

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22 a (nua)
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 51 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(22a) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:
	'Airteagal 51a
	1. Cuirfidh GCUI in iúl go soiléir sa réamheolaire d'infheisteoirí go bhfuil sé ar intinn aige úsáid a bhaint as teicnící agus ionstraimí éifeachtúla bainistithe punainne dá dtagraítear in Airteagal 51(2) den Treoir seo agus in Airteagal 11 de Threoir 2007/16/CE ón gCoimisiún[1a]. Áireofar sa réamheolaire tuairisc mhionsonraithe ar na rioscaí a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin, lena n-áirítear riosca contrapháirtí agus coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann, agus an tionchar a mheastar a bheidh acu ar fheidhmíocht an GCUI. Beidh úsáid na dteicnící agus na n-ionstraimí sin i gcomhréir le leas an GCUI.
	2. I gcomhréir le hAirteagal 11 de Threoir 2007/16/CE, áiritheoidh GCUInna a

úsáideann teicnící éifeachtúla bainistithe punainne go ndéanfar na rioscaí a eascraíonn as a gcuid gníomhaíochtaí a ghabháil go leormhaith trí phróiseas bainistithe riosca an GCUI.

3. Nochtfaidh an GCUI sa réamheolaire agus ina thuarascáil bhliantúil an beartas maidir le costais/táillí oibriúcháin díreacha agus indíreacha a eascraíonn as teicnící éifeachtúla bainistithe punainne a fhéadfar a asbhaint ón ioncam arna sheachadadh don GCUI. Ní áireofar ioncam folaithe sna costais agus sna táillí sin. Nochtfaidh an GCUI céannacht na n-eintiteas lena n-íoctar na costais agus na táillí díreacha agus indíreacha agus cuirfidh sé in iúl an páirtithe gaolmhara iad sin leis an gcuideachta bainistíochta nó leis an taisce.

4. Déanfar an t-ioncam uile a eascraíonn ó theicnící éifeachtúla bainistithe punainne, agus é glan ó chostais oibriúcháin dhíreacha agus indíreacha, a thabhairt ar ais don GCUI. Ní áireofar le costais oibriúcháin dhíreacha agus indíreacha aon socrú roinnte brabúis nó roinnte ioncaim don chuideachta bainistíochta nó d'aon eintiteas laistigh den ghrúpa céanna. I gcás ar bith, déanfar 90 % ar a laghad den ioncam a eascraíonn ó theicnící éifeachtúla bainistithe punainne a thabhairt ar ais go díreach do chiste GCUI ar mhaithe lena infheisteoirí.

5. Áiritheoidh GCUI go mbeidh sé in ann aon urrús a tugadh ar iasacht a aisghairm tráth ar bith nó aon chomhaontú um iasacht urrús atá déanta aige a fhoirceannadh.

[1a] Treoir 2007/16/CE ón gCoimisiún an 19 Márta 2007 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 85/611/CEE ón gComhairle maidir le comhordú dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfheistíocht in urrúis inaistrithe

	(GCUI) a mhéid a bhaineann le soiléiriú sainmhínithe áirithe, IO L 79, 20.3.2007, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2007/16/oj).';

Or. en

Leasú 34

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 26 – pointe a
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 55 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Ceadóidh údaráis inniúla do GCUI aonaid GCUInna nó gnóthais chomhinfheistíochta eile dá dtagraítear in Airteagal 50(1), pointe (e), a fháil, ar choinníoll nach n-infheistítear níos mó ná ***20*** % dá shócmhainní in aonaid GCUI aonair nó gnóthais chomhinfheistíochta eile.	1. Ceadóidh údaráis inniúla do GCUI aonaid GCUInna nó gnóthais chomhinfheistíochta eile dá dtagraítear in Airteagal 50(1), pointe (e), a fháil, ar choinníoll nach n-infheistítear níos mó ná ***10*** % dá shócmhainní in aonaid GCUI aonair nó gnóthais chomhinfheistíochta eile.

Or. en

Leasú 35

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 27 – pointe a
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 56 – mír 2 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
De mhaolú ar an gcéad fhomhír, pointe (b), ní fhéadfaidh GCUI níos mó ná 15 % de na hurrúsuithe arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/2402 ag comhlacht eisiúna aonair a fháil.	***scriosta***

Or. en

Leasú 36

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 33 – pointe a a (nua)
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 69 – mír 3 – fomhír 2 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(aa) i mír 3, fomhír 2, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:
	'(ba) faisnéis maidir leis an neamhchosaint a fhaightear trí theicnící éifeachtúla bainistithe punainne, lena n-áirítear:
	(a) céannacht an chontrapháirtí nó na gcontrapháirtithe sna teicnící éifeachtúla bainistithe punainne sin;
	(b) cineál agus méid na comhthaobhachta a fuair an GCUI chun neamhchosaint contrapháirtí a laghdú;
	(c) miondealú soiléir, i ndearbhthéarmaí airgeadaíochta, ar an ollioncam iomlán a ghintear ó theicnící éifeachtúla bainistithe punainne, ar na costais iomlána arna n-asbhaint ag an gcuideachta bainistíochta nó ag tríú páirtithe, agus ar an nglanioncam deiridh a chuirtear chun sochair don GCUI;';

Or. en

Leasú 37

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 41 a (nua)
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 97 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(41a) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 97a

1. Faoin … [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo] déanfaidh ESMA, i gcomhairle le BERS, gach grúpa AE de chuideachtaí bainistíochta agus de BCIManna a bhfuil tábhacht shuntasach leo don Aontas (‘grúpaí suntasacha AE de chuideachtaí bainistíochta agus de BCIManna’) a shainaithint. Measfar grúpa AE de chuideachtaí bainistíochta agus BCIManna a bheith suntasach i gcás ina gcomhlíonfaidh sé na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá glanluachanna sócmhainní comhiomlána uile-Aontais na gcuideachtaí bainistíochta agus BCIManna laistigh den ghrúpa os cionn EUR 100 billiún;

(b) tá na cuideachtaí bainistíochta agus na BCIManna laistigh den ghrúpa bunaithe i níos mó ná aon Bhallstát amháin, nó déanann na cuideachtaí bainistíochta agus na BCIManna sin GCUI agus CIManna a bhainistiú nó a mhargú i níos mó ná aon Bhallstát amháin.

2. Chun críocha mhír 1, an chéad fhomhír, pointe (a), le sócmhainní comhiomlána uile-Aontais faoi bhainistíocht, cuimseofar sócmhainní AE faoi bhainistíocht atá faoi raon feidhme na Treorach seo nó faoi raon feidhme Threoir 2011/61/AE.

3. Foilseoidh ESMA liosta de ghrúpaí AE de chuideachtaí bainistíochta agus BCIManna a shainaithnítear mar ghrúpaí suntasacha AE i gcomhréir leis an gcéad mhír agus tabharfaidh sé an liosta sin cothrom le dáta gach bliain. I gcás ina n-ainmníonn ESMA grúpa AE de chuideachtaí bainistíochta agus BCIManna mar ghrúpa suntasach, glacfaidh sé na cúraimí agus na dualgais mhaoirseachta arna sannadh faoin Treoir seo d’údarás inniúil an Bhallstáit baile, lena n-áirítear chun iad a údarú agus

maoirseacht a dhéanamh orthu.';

Or. en

Leasú 38

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 44 a (nua)
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 101 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(44a) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:
	'Airteagal 101a
	Cumhachtaí díreacha maoirseachta ESMA ar thaiscithe
	1. Chun a áirithiú go gcomhlíonfar Caibidil IV den Treoir seo agus Airteagal 21 de Threoir 2011/61/AE, feidhmeoidh ESMA na cumhachtaí maoirseachta dírí ar thaiscithe, lena n-áirítear an chumhacht seo a leanas:
	(a) faisnéis a iarraidh ar thaiscithe, ar a bhfostaithe, agus ar thoscairí tríú páirtí gaolmhara;
	(b) imscrúduithe ginearálta agus cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh;
	(c) rabhaidh mhaoirseachta a eisiúint, scor de chleachtais neamhchomhlíontacha a ordú, nó toirmeasc sealadach a chur ar dhaoine aonair ó fheidhmeanna bainistíochta;
	(d) fíneálacha riaracháin agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur.
	2. Déanfaidh ESMA a ghníomhaíochtaí maoirseachta a chomhordú leis na húdaráis inniúla baincéireachta atá freagrach as maoirseacht stuamachta a dhéanamh ar institiúidí creidmheasa atá ag gníomhú mar thaiscithe.';

Leasú 39

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 44 b (nua)
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 101 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(44b) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:
	'Airteagal 101b
	1. Gearrfaidh ESMA táillí ar gach grúpa suntasach AE de chuideachtaí bainistíochta agus BCIManna.
	2. Cumhdófar go hiomlán leis na táillí dá dtagraítear i mír 1 caiteachas riachtanach ESMA a bhaineann le bainistíocht dhíreach, formhaoirseacht leanúnach, cigireachtaí ar an láthair, agus forfheidhmiú i ndáil le grúpaí suntasacha cuideachtaí bainistíochta agus BCIManna de chuid an Aontais agus cumhdófar leo na costais uile arna dtabhú ag ESMA chun a chúraimí maoirseachta a chomhlíonadh faoin Treoir seo.
	3. Beidh méid na táille maoirseachta aonair a ghearrfar ar ghrúpa suntasach AE de chuideachtaí bainistíochta agus BCIManna go hiomlán comhréireach lena mhéid, arna ríomh ar bhonn a shócmhainní iomlána faoi bhainistíocht, agus beidh méid na táille sin ina léiriú ar chastacht agus próifíl riosca na straitéisí infheistíochta atá á saothrú.
	4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an tAirteagal seo a fhorlíonadh, tríd an méid seo a leanas a shonrú:
	(a) cineálacha na dtáillí;

(b) na nithe a bhfuil táillí dlite ina leith;

(c) an modh a ríomhtar na dtáillí; agus

(d) an chaoi a bhfuil na táillí le híoc.';

Or. en

Leasú 40

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 47
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 110b – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Athbhreithniú ***ESMA*** ar ghrúpaí móra AE de chuideachtaí bainistíochta agus BCIManna	Athbhreithniú ***bliantúil*** ar ghrúpaí móra AE de chuideachtaí bainistíochta agus BCIManna

Or. en

Leasú 41

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 47
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 110b – mír 1 – fomhír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) tá glanluachanna sócmhainní comhiomlána uile-Aontais na gcuideachtaí bainistíochta agus BCIManna laistigh den ghrúpa ***os cionn EUR 300*** billiún;	(a) tá glanluachanna sócmhainní comhiomlána uile-Aontais na gcuideachtaí bainistíochta agus BCIManna laistigh den ghrúpa ***idir EUR 50 billiún agus EUR 150*** billiún;

Or. en

Leasú 42

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 47

Treoir 2009/65/CE
Airteagal 110b – mír 3 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh ESMA athbhreithniú, ar bhonn bliantúil ar a laghad, ar ***gach grúpa AE a shainaithnítear*** de bhun ***mhír 1***, arb athbhreithniú é a dhéanfar i gcomhar le húdaráis inniúla Bhallstáit bhaile na gcuideachtaí bainistíochta agus, i gcás inarb ábhartha, le húdaráis inniúla Bhallstáit bhaile na BCIManna ***atá ina gcuid den ghrúpa AE***.	Déanfaidh ESMA athbhreithniú, ar bhonn bliantúil ar a laghad, ar ***chuideachtaí bainistíochta agus ar BCIManna a thagann faoi mhír 1 agus nach dtagann faoi mhaoirseacht dhíreach ESMA*** de bhun ***Airteagal 97a***, arb athbhreithniú é a dhéanfar i gcomhar le húdaráis inniúla Bhallstáit bhaile na gcuideachtaí bainistíochta agus, i gcás inarb ábhartha, le húdaráis inniúla Bhallstáit bhaile na BCIManna.

Or. en

Leasú 43

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 47
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 110b – mír 3 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Le linn an athbhreithnithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, déanfaidh ESMA measúnú ar na cineálacha cur chuige maoirseachta ***a chleachtann údaráis inniúla na gcuideachtaí bainistíochta agus, i gcás inarb ábhartha, BCIManna laistigh de gach grúpa AE*** i gcur i bhfeidhm cheanglais na Treorach seo agus Threoir 2011/61/AE. Chun críoch an athbhreithnithe sin, úsáidfidh ESMA modheolaíocht lena n-áirithítear inchomparáideacht agus comhsheasmhacht na gcur chuige maoirseachta sin.	Le linn an athbhreithnithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, déanfaidh ESMA measúnú ar na cineálacha cur chuige maoirseachta i gcur i bhfeidhm cheanglais na Treorach seo agus Threoir 2011/61/AE. Chun críoch an athbhreithnithe sin, úsáidfidh ESMA modheolaíocht lena n-áirithítear inchomparáideacht agus comhsheasmhacht na gcur chuige maoirseachta sin.

Or. en

Leasú 44

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 47
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 110b – mír 3 – fomhír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Déanfaidh ESMA an t-athbhreithniú dá dtagraítear sa chéad fhomhír ar bhonn níos minice i gcás ábhair imní a bhfuil údar leo maidir le cosaint infheisteoirí, cobhsaíocht airgeadais nó sláine an mhargaidh.

Or. en

Leasú 45

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 47
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 110b –mír 4 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. San athbhreithniú dá dtagraítear i mír 3, déanfar measúnú, go háirithe, ar na cineálacha cur chuige maoirseachta maidir leis na nithe seo a leanas i ndáil le gach ***grúpa AE***:	4. San athbhreithniú dá dtagraítear i mír 3, déanfar measúnú, go háirithe, ar na cineálacha cur chuige maoirseachta maidir leis na nithe seo a leanas i ndáil le gach ***BCIM agus gach cuideachta bhainistíochta***:

Or. en

Leasú 46

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 47
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 110b – mír 4 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) acmhainní agus leithdháileadh na n-acmhainní sin ***laistigh agus lasmuigh den***	(b) acmhainní agus leithdháileadh na n-acmhainní sin, lena n-áirítear feidhmeanna

ghrúpa AE, lena n-áirítear feidhmeanna na ndaoine a dhéanann gnó na gcuideachtaí bainistíochta go héifeachtach agus, i gcás inarb ábhartha, gnó na BCIManna***, laistigh den ghrúpa AE***;	na ndaoine a dhéanann gnó na gcuideachtaí bainistíochta go héifeachtach agus, i gcás inarb ábhartha, gnó na BCIManna;

Or. en

Leasú 47

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 47
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 110b – mír 5 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) cláir gníomhaíochtaí na gcuideachtaí bainistíochta agus, i gcás inarb ábhartha, BCIManna ***laistigh den ghrúpa AE***.	(b) cláir gníomhaíochtaí na gcuideachtaí bainistíochta agus, i gcás inarb ábhartha, BCIManna.

Or. en

Leasú 48

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 47
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 110b – mír 6 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Tar éis gach athbhreithnithe, dá dtagraítear i mír 3, tar éis do ESMA dul i gcomhairle le húdaráis inniúla Bhallstáit baile na gcuideachtaí bainistíochta agus, i gcás inarb ábhartha, le húdaráis inniúla Bhallstáit bhaile na BCIManna ***laistigh den ghrúpa AE***, cinnfidh ESMA ar shainaithin sé aon chur chuige maoirseachta atá éagsúil, dúblach, iomarcach nó easnamhach.	Tar éis gach athbhreithnithe, dá dtagraítear i mír 3, tar éis do ESMA dul i gcomhairle le húdaráis inniúla Bhallstáit baile na gcuideachtaí bainistíochta agus, i gcás inarb ábhartha, le húdaráis inniúla Bhallstáit bhaile na BCIManna, cinnfidh ESMA ar shainaithin sé aon chur chuige maoirseachta atá éagsúil, dúblach, iomarcach nó easnamhach***, go háirithe cineálacha cur chuige a d'fhéadfadh feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, sláine na margaí airgeadais, cobhsaíocht***

airgeadais nó cosaint infheisteoirí a chur i mbaol.

Or. en

Leasú 49

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 47
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 110b – mír 6 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cuimseoidh ESMA na torthaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír i dtuarascáil athbhreithniúcháin, a eiseoidh an Bord Feidhmiúcháin, ar tuarascáil í a dhíreofar chuig údaráis inniúla Bhallstáit bhaile na gcuideachtaí bainistíochta agus, i gcás inarb ábhartha, údaráis inniúla Bhallstáit bhaile na BCIManna ***laistigh den ghrúpa AE***.	Cuimseoidh ESMA na torthaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír i dtuarascáil athbhreithniúcháin, a eiseoidh an Bord Feidhmiúcháin, ar tuarascáil í a dhíreofar chuig údaráis inniúla Bhallstáit bhaile na gcuideachtaí bainistíochta agus, i gcás inarb ábhartha, údaráis inniúla Bhallstáit bhaile na BCIManna.

Or. en

Leasú 50

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 47
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 110b – mír 7 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás, le linn an athbhreithnithe dá dtagraítear i mír 3, ina sainaithneoidh ESMA réimsí ina bhfuil gá le gníomhaíocht mhaoirseachta***, eiseoidh a Bhord feidhmiúcháin moladh maidir le gníomhaíochtaí ceartaitheacha chuig*** na húdaráis inniúla lena mbaineann***, ar moladh é a bheidh le cur chun feidhme*** laistigh ***de thréimhse réasúnta ama, nach faide ná bliain amháin***.	I gcás, le linn an athbhreithnithe dá dtagraítear i mír 3, ina sainaithníonn ESMA réimsí ina bhfuil gá le gníomhaíocht mhaoirseachta***, nó má nochtar le faisnéis eile atá ar fáil dó rioscaí maoirseachta nach dtugtar aghaidh orthu, cleachtais mhaoirseachta éagsúla nó easnamhacha nó bacainní ar ghníomhaíochtaí trasteorann, féadfaidh ESMA cinneadh a eisiúint chun***

gníomhaíocht mhaoirseachta shonrach a dhéanamh nó staonadh ó ghníomhaíocht, a mbeidh éifeachtaí ceangailteacha aige ar na húdaráis inniúla lena mbaineann***, lena n-áirítear ar chinntí údarúcháin nó ar a dtarraingt siar, coigeartuithe ar choinníollacha údarúcháin, cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag údaráis inniúla náisiúnta nó comhar le comhfhoirne maoirseachta arna mbunú agus arna gcomhordú ag ESMA nó gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin.***

Or. en

Leasú 51

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 47
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 110b – mír 7 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Féadfaidh ESMA cinneadh ar leithligh a ghlacadh, i gcás inar gá sin chun comhlíonadh dhlí an Aontais a áirithiú nó chun feidhmiú ordúil agus sláine an chórais airgeadais a áirithiú nó chun deireadh a chur le bacainní margaidh arna mbunú ag údaráis inniúla náisiúnta, ar cinneadh é a bheidh dírithe chuig rannpháirtí sa mhargadh airgeadais chun údaruithe a dheonú, chun gníomhaíochtaí gnó trasteorann a chumasú nó chun a cheangal air gach gníomhaíocht is gá a dhéanamh chun a chuid oibleagáidí faoin Treoir seo agus faoi Threoir 2011/61/AE a chomhlíonadh, lena n-áirítear scor d'aon chleachtas áirithe. Déanfaidh an rannpháirtí sa mhargadh gach iarracht cinneadh ESMA a chomhlíonadh laistigh ***den tréimhse shonraithe.***

Or. en

Leasú 52

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 47
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 110b – mír 7 – fomhír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Is é an Bord Feidhmiúcháin a eiseoidh cinntí ESMA dá dtagraítear faoin gcéad fhomhír agus faoin dara fomhír agus déanfar na cinntí sin trí thromlach simplí de chomhaltaí an Bhoird.

Or. en

Leasú 53

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 47
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 110b – mír 7 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cuirfidh ESMA údaráis inniúla Bhallstáit óstacha na gcuideachtaí bainistíochta agus, i gcás inarb ábhartha, údaráis inniúla Bhallstáit óstacha na BCIManna ar an eolas faoina thorthaí freisin, lena n-áirítear aon mholadh maidir le gníomhaíochtaí ceartaitheacha atá eisithe aige de bhun na chéad fhomhíre.	***scriosta***

Or. en

Leasú 54

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 – pointe -a (nua)
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 4 – mír 1 – pointe g – pointe i

An téacs atá ann	*Leasú*
	(-a) i bpointe (g), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):
(i) más institiúid creidmheasa atá údaraithe faoi Threoir 2006/48/CE é an taiscí, ***an t-údarás comhpháirte mar a shainmhínítear i bpointe 4 d'Airteagal 4 de***;	'(i) más institiúid creidmheasa atá údaraithe faoi Threoir 2006/48/CE é an taiscí, ***ESMA***;';

Or. en

(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A02011L0061-20260416)

Leasú 55

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 – pointe -a a (nua)
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 4 – mír 1 – pointe g – pointe ii

An téacs atá ann	*Leasú*
	(-aa) i bpointe (g), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):
(ii) más gnólacht infheistíochta atá údaraithe faoi Threoir 2004/39/CE é an taiscí, ***an t-údarás comhpháirte mar a shainmhínítear i bpointe 22 d'Airteagal 4(1)***;	'(ii) más gnólacht infheistíochta atá údaraithe faoi Threoir 2004/39/CE é an taiscí, ***ESMA***;';

Or. en

(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A02011L0061-20260416)

Leasú 56

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6 – pointe a
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 12 – mír 1 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

1. Maidir le BCIManna atá údaraithe sa Bhallstát sin, áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh siad rialacha iompair i gcónaí. Leis na rialacha iompair sin, áiritheofar an méid seo a leanas maidir le BCIManna:***;***	1. Maidir le BCIManna atá údaraithe sa Bhallstát sin, áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh siad rialacha iompair ***uile-Aontais*** i gcónaí. Leis na rialacha iompair sin, áiritheofar an méid seo a leanas maidir le BCIManna:
	Or. en

Leasú 57

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6 – pointe b
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 12 – mír 3 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
‘Chun a áirithiú go gcuirfear na rialacha iompair ***dá dtagraítear i mír 1*** i bhfeidhm go haonfhoirmeach agus chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go comhsheasmhach iad ó Bhallstát go chéile, ***féadfaidh*** ESMA ***treoirlínte a ghlacadh*** chun ábhar na rialacha sin a shonrú.	Chun a áirithiú go gcuirfear na rialacha iompair i bhfeidhm go haonfhoirmeach agus chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go comhsheasmhach iad ó Bhallstát go chéile, ***déanfaidh*** ESMA ***dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt*** chun ábhar na rialacha sin a shonrú.
	Or. en

Leasú 58

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6 – pointe b
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 12 – mír 3 – fomhír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin … [6 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo].
	Or. en

Leasú 59

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6 – pointe b
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 12 – mír 3 – fomhír 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa dara fomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Or. en

Leasú 60

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6 a (nua)
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 12 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(6a) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:
	'Airteagal 12a
	Teicnící éifeachtúla bainistithe punainne
	1. Déanfaidh BCIM, le haghaidh gach CIM atá á bhainistiú aige, infheisteoirí a chur ar an eolas go soiléir sna nochtuithe d'infheisteoirí dá dtagraítear in Airteagal 23 go bhfuil sé ar intinn aige teicnící agus ionstraimí éifeachtúla bainistithe punainne a úsáid. Áireofar sna nochtuithe tuairisc mhionsonraithe ar na rioscaí a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin, lena n-áirítear riosca contrapháirtí agus coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann, agus an

tionchar a mheastar a bheidh acu ar fheidhmíocht an CIM. Beidh úsáid na dteicnící agus na n-ionstraimí sin i gcomhréir le leas an CIM agus a infheisteoirí.

2. Áiritheoidh BCIM a úsáideann teicnící éifeachtúla bainistithe punainne le haghaidh CIM go ndéanfar na rioscaí a eascraíonn as na gníomhaíochtaí sin a ghabháil go leordhóthanach trí phróiseas bainistithe riosca an BCIM.

3. Nochtfaidh an BCIM sna nochtuithe d'infheisteoirí dá dtagraítear in Airteagal 23 i dtuarascáil bhliantúil an CIM dá dtagraítear in Airteagal 22 an beartas maidir le costais/táillí oibriúcháin díreacha agus indíreacha a eascraíonn as teicnící éifeachtúla bainistithe punainne a fhéadfar a asbhaint ón ioncam arna sheachadadh don CIM. Ní áireofar ioncam folaithe sna costais agus sna táillí sin. Nochtfaidh an BCIM céannacht na n-eintiteas lena n-íoctar na costais agus na táillí díreacha agus indíreacha agus cuirfidh sé in iúl an páirtithe gaolmhara iad sin leis an BCIM nó leis an taisce.

4. Déanfar an t-ioncam uile a eascraíonn ó theicnící éifeachtúla bainistithe punainne, agus é glan ó chostais oibriúcháin dhíreacha agus indíreacha, a thabhairt ar ais don chiste infheistíochta malartach. Ní áireofar le costais oibriúcháin dhíreacha agus indíreacha aon socrú roinnte brabúis nó roinnte ioncaim don BCIM nó d'aon eintiteas laistigh den ghrúpa céanna. I gcás ar bith, déanfar 90 % ar a laghad den ioncam a eascraíonn ó theicnící éifeachtúla bainistithe punainne a thabhairt ar ais go díreach don chiste infheistíochta malartach ar mhaithe lena infheisteoirí.

5. Áiritheoidh BCIM, i gcás gach CIM atá á bhainistiú aige, go mbeidh sé in ann aon urrús a tugadh ar iasacht a aisghairm tráth ar bith nó aon chomhaontú iasachta urrús atá déanta aige a fhoirceannadh.';

Or. en

Leasú 61

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6 b (nua)
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 13 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(6b) in Airteagal 13, mír 1, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas ar lorg na chéad fhomhíre:
	'Socróidh BCIManna na cóimheasa iomchuí idir an chomhpháirt sheasta agus an chomhpháirt athraitheach den luach saothair iomlán, sa chaoi nach sáróidh an chomhpháirt athraitheach 100 % den chomhpháirt sheasta den luach saothair iomlán do gach duine aonair.';

Or. en

(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A02011L0061-20260416)

Leasú 62

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 7
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 14 – mír 2a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2a. I gcás ina mbainistíonn BCIM CIM nó ina bhfuil sé beartaithe aige CIM a bhainistiú ar thionscnamh tríú páirtí, lena n-áirítear cásanna ina n-úsáideann an CIM sin ainm tionscnóra tríú páirtí nó i gcás ina gceapann BCIM tionscnóir tríú páirtí mar thoscaire de bhun Airteagal 20, ***cuirfidh*** BCIM ***údaráis inniúla a Bhallstáit baile ar an eolas faoi sin tráth an údaraithe*** agus**,** aon choinbhleacht leasa á cur san	2a. I gcás ina mbainistíonn BCIM CIM nó ina bhfuil sé beartaithe aige CIM a bhainistiú ar thionscnamh tríú páirtí, lena n-áirítear cásanna ina n-úsáideann an CIM sin ainm tionscnóra tríú páirtí nó i gcás ina gceapann BCIM tionscnóir tríú páirtí mar thoscaire de bhun Airteagal 20, ***déanfaidh*** an BCIM**,** agus aon choinbhleacht leasa á cur san áireamh, ***mínithe mionsonraithe agus fianaise mhionsonraithe a chur faoi***

áireamh, ***léireoidh sé, arna iarraidh sin, d'údaráis*** inniúla a Bhallstáit baile go gcomhlíonann sé míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo. Go háirithe, léireoidh an BCIM na bearta réasúnta atá déanta aige chun coinbhleachtaí leasa a eascraíonn as an gcaidreamh leis an tríú páirtí a chosc nó, i gcás nach féidir na coinbhleachtaí leasa sin a chosc, an chaoi a ndéanann sé na coinbhleachtaí leasa sin a shainaithint, a bhainistiú, an chaoi a ndéanann sé faireachán orthu agus, i gcás inarb infheidhme, an chaoi a nochtann sé iad, chun cosc a chur ar na coinbhleachtaí leasa sin dochar a dhéanamh do leasanna an CIM agus a infheisteoirí.

bhráid údaráis inniúla a Bhallstáit baile go gcomhlíonann sé míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo. Go háirithe, léireoidh an BCIM na bearta réasúnta atá déanta aige chun coinbhleachtaí leasa a eascraíonn as an gcaidreamh leis an tríú páirtí a chosc nó, i gcás nach féidir na coinbhleachtaí leasa sin a chosc, an chaoi a ndéanann sé na coinbhleachtaí leasa sin a shainaithint, a bhainistiú, an chaoi a ndéanann sé faireachán orthu agus, i gcás inarb infheidhme, an chaoi a nochtann sé iad, chun cosc a chur ar na coinbhleachtaí leasa sin dochar a dhéanamh do leasanna an CIM agus a infheisteoirí.

Or. en

Leasú 63

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8 a (nua)
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 16 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(8a) in Airteagal 16, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:
	'3a. Léireoidh BCIManna, le haghaidh gach CIM neamhiata a bhainistíonn siad agus infheistíocht á déanamh acu i sócmhainní nach bhfuil chomh leachtach sin iontu féin, gur féidir an straitéis infheistíochta a choinneáil ar bun i ngach coinníoll margaidh is intuartha.
	Forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun liosta sócmhainní nach bhfuil chomh leachtach ó nádúr a shonrú agus chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur i bhfeidhm na míre seo.
	Déanfaidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin … [36 mí tar éis

dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo].

Forbróidh ESMA, i ndlúthchomhar leis an mBord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS) agus leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE), creat comhchuibhithe chun tástálacha struis rialta uile-chórais a dhéanamh ar CIManna neamhiata a infheistíonn i sócmhainní nach bhfuil chomh leachtach sin ó nádúr. Foilseoidh ESMA torthaí na tástála struis uile-chórais ar bhonn bliantúil ar a laghad.

Ceanglóidh na húdaráis inniúla ar BCIManna na sonraí is gá a sholáthar do ESMA chun a thástáil struis a dhéanamh. I gcás ina nochtar riosca sistéamach, neamhréireanna leachtachta struchtúracha nó ábhair imní eile maidir le cobhsaíocht airgeadais le tástálacha struis, eiseoidh ESMA treoirlínte nó moltaí maidir le haghaidh a thabhairt ar neamhréireanna leachtachta struchtúracha in CIManna chuig údaráis inniúla náisiúnta de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa dara fomhír den mhír sin a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.';

Or. en

Leasú 64

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 9 – pointe b
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 18 – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Chun a áirithiú go gcuirfear na rialacha stuamachta maidir le BCIManna i	Chun a áirithiú go gcuirfear na rialacha stuamachta maidir le BCIManna i

bhfeidhm go haonfhoirmeach agus chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go comhsheasmhach iad ó Bhallstát go chéile, ***féadfaidh*** ESMA treoirlínte a ghlacadh chun ábhar na rialacha sin a shonrú.	bhfeidhm go haonfhoirmeach agus chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go comhsheasmhach iad ó Bhallstát go chéile, ***déanfaidh*** ESMA treoirlínte a ghlacadh ***faoin 31 Nollaig 2027 i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010*** chun ábhar na rialacha sin a shonrú.

Or. en

Leasú 65

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 11 – pointe a – pointe b a (nua)
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 21 – mír 3 – fomhír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:
	'Beidh eintiteas dlítheanach dá dtagraítear i bpointe (a) agus (b) den chéad fhomhír faoi réir maoirseacht leanúnach dhíreach agus forfheidhmiú ag ESMA i leith a chomhlíontachta le hoibleagáidí a leagtar síos sa Treoir seo agus comhlíonfaidh sé na híoscheanglais seo a leanas:
	(a) beidh an bonneagar is gá aige chun ionstraimí airgeadais is féidir a chlárú i gcuntas ionstraimí airgeadais a osclófar i leabhair na taisce a choimeád faoi chumhdach;
	(b) bunóidh sé beartais agus nósanna imeachta leordhóthanacha chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an t-eintiteas, lena n-áirítear a bhainisteoirí agus a fhostaithe, a oibleagáidí faoin Treoir seo;
	c) beidh nósanna imeachta fónta riaracháin agus cuntasaíochta aige chomh maith le sásraí rialaithe inmheánaigh, nósanna imeachta éifeachtacha maidir le measúnú riosca

agus socruithe éifeachtacha rialaithe agus cosanta le haghaidh córais próiseála faisnéise;

(d) déanfaidh sé socruithe eagrúcháin agus riaracháin éifeachtacha a chothabháil agus a oibriú d'fhonn gach beart réasúnach a dhéanamh atá ceaptha chun coinbhleachtaí leasa a chosc;

(e) socróidh sé go gcoimeádfar taifid ar na seirbhísí, na gníomhaíochtaí agus na hidirbhearta go léir a dhéanann sé, agus beidh na taifid sin leordhóthanach chun a chumasú don údarás inniúil a chúraimí maoirseachta a chomhlíonadh agus na gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin dá bhforáiltear sa Treoir seo a dhéanamh;

(f) déanfaidh sé bearta réasúnacha chun leanúnachas agus rialtacht a áirithiú i bhfeidhmiú a fheidhmeanna taisce trí chórais, acmhainní agus nósanna imeachta iomchuí agus comhréireacha a úsáid, agus chun a ghníomhaíochtaí taisce a dhéanamh chomh maith;

(g) beidh dea-cháil leordhóthanach ar chomhaltaí uile a chomhlachta bainistíochta agus ar a lucht bainistíochta sinsearaí i gcónaí, agus beidh eolas, scileanna agus taithí leordhóthanach acu;

(h) Beidh a dhóthain eolais, scileanna agus taithí comhchoitinne ag a chomhlacht bainistíochta chun gníomhaíochtaí an taiscí a thuiscint, lena n-áirítear na príomhrioscaí;

(i) gníomhóidh gach comhalta dá chomhlacht bainistíochta agus dá bhainistíocht shinsearach le macántacht agus le hionracas.';

Or. en

(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A02011L0061-20260416)

Leasú 66

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 12 a (nua)
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 22 – mír 2 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(12a) in Airteagal 22, mír 2, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:
	'(ca) faisnéis maidir leis an risíocht a fhaightear trí theicnící éifeachtúla bainistithe punainne, lena n-áirítear:
	(a) céannacht na gcontrapháirtithe sna teicnící éifeachtúla bainistithe punainne sin;
	(b) cineál agus méid na comhthaobhachta a fuair an CIM chun neamhchosaint contrapháirtí a laghdú;
	(c) miondealú soiléir, i ndearbhthéarmaí airgeadaíochta, ar an ollioncam iomlán a ghintear ó theicnící éifeachtúla bainistithe punainne, ar na costais iomlána arna n-asbhaint ag an gcuideachta bainistíochta nó ag tríú páirtithe, agus ar an nglanioncam deiridh a chuirtear chun sochair don CIM;';

Or. en

Leasú 67

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 12 b (nua)
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 25 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(12b) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:
	'Airteagal 25a
	Ceanglais leachtachta macrastuamachta le haghaidh CIManna neamhiata
	1. Beidh an chumhacht ag údaráis

inniúla a cheangal ar bhainisteoirí CIManna neamhiata socruithe fuascailte a choinneáil i gcomhréir leis an am is gá chun sócmhainní punainne a leachtú faoi dhálaí anáis sa mhargadh.

2. Chun críocha mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla ceann amháin nó níos mó de na bearta seo a leanas a fhorchur:

(a) íostréimhsí fógra le haghaidh fuascailtí;

(b) íostréimhsí sealbhaíochta;

(c) teorainneacha maidir le minicíocht fuascailte;

3. Forbróidh ESMA caighdeáin theicniúla rialála lena sonrófar modheolaíochtaí chun measúnú a dhéanamh ar an gcomhsheasmhacht idir leachtacht sócmhainní agus téarmaí fuascailte.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin … [6 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo].

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

4. I gcás ina sainaithníonn údaráis inniúla rioscaí sistéamacha a eascraíonn as catagóir cistí, féadfaidh siad na bearta dá dtagraítear i mír 2 a chur i bhfeidhm ar aicme cistí ar bhonn earnála.

5. Leis na bearta a ghlacfar faoin Airteagal seo, tacófar leis an gcuspóir maidir le cobhsaíocht airgeadais a choimirciú agus rioscaí leachtachta sistéamacha a mhaolú.';

Or. en

Leasú 68

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 12 c (nua)
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 25b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(12c) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:
	'Airteagal 25b
	Teorainneacha giarála macrastuamachta
	1. Beidh sé de chumhacht ag údaráis inniúla teorainneacha giarála a fhorchur ar CIManna i gcás ina bhféadfadh giaráil rannchuidiú le forbairt an riosca shistéamaigh.
	2. Agus na cumhachtaí dá dtagraítear i mír 1 á bhfeidhmiú acu, breithneoidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas:
	(a) méid earnáil na gcistí;
	(b) idirnascacht le hinstitiúidí creidmheasa agus margaí airgeadais;
	(c) comhchruinniú in aicmí sócmhainní sonracha;
	(d) éifeachtaí iarmharta a d'fhéadfadh a bheith ann ar an bhfiorgheilleagar.
	3. Féadfaidh údaráis inniúla teorainneacha giarála a fhorchur ar leibhéal an chiste nó le haghaidh catagóirí cistí a bhfuil straitéisí infheistíochta comhchosúla acu.
	4. I gcás cistí infheistíochta réadmhaoine, déanfar teorainneacha giarála a chalabrú faoi threoir an chóimheasa idir an fiachas iomlán agus sócmhainní iomlána.
	Chun críocha na míre seo, áireofar le 'fiachas iomlán' gach cineál neamhchosanta ar iasachtaíocht agus ar ghiaráil a thabhaíonn an CIM go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear, gan teorainn, iasachtaíocht bhainc, ionstraimí fiachais a eisíodh, comhaontuithe

athcheannaigh, idirbhearta maoinithe urrús agus aon socrú eile a bhfuil sé d'éifeacht aige giaráil a chruthú ar leibhéal an CIM.

5. Forbróidh ESMA, i gcomhar le BERS, caighdeáin theicniúla rialála maidir le calabrú na dteorainneacha giarála faoin Airteagal seo.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin … [6 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo].

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

6. Déanfar bearta arna nglacadh faoin Airteagal seo a cheapadh chun comh-thimthriallacht a laghdú agus rioscaí don chobhsaíocht airgeadais a mhaolú.'

Or. en

Leasú 69

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 17 a (nua)
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 35 – mír 2 – fomhír 1 – pointe c

An téacs atá ann	*Leasú*
	(17a) In Airteagal 35, mír 2, fomhír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):
(c) tá comhaontú sínithe ag an tríú tír ina bhfuil an CIM neamh-AE bunaithe le Ballstát baile an BCIM údaraithe agus le gach Ballstát eile ina bhfuil sé beartaithe aonaid nó scaireanna an CIM neamh-AE a mhargú, ar comhaontú é lena gcomhlíontar go hiomlán na caighdeáin a leagtar síos in	'(c) tá comhaontú sínithe ag an tríú tír ina bhfuil an CIM neamh-AE bunaithe le Ballstát baile an BCIM údaraithe agus le gach Ballstát eile ina bhfuil sé beartaithe aonaid nó scaireanna an CIM neamh-AE a mhargú, ar comhaontú é lena gcomhlíontar go hiomlán na caighdeáin a leagtar síos in

Airteagal 26 de Shamhailchoinbhinsiún Cánach ECFE ar Ioncam agus ar Chaipiteal agus lena n-áirithítear malartú éifeachtach faisnéise i gcúrsaí cánach, lena n-áirítear aon chomhaontuithe cánach iltaobhacha, agus ní luaitear an tríú tír sin in Iarscríbhinn I a ghabhann leis na conclúidí ón gComhairle maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach.	Airteagal 26 de Shamhailchoinbhinsiún Cánach ECFE ar Ioncam agus ar Chaipiteal agus lena n-áirithítear malartú éifeachtach faisnéise i gcúrsaí cánach, lena n-áirítear aon chomhaontuithe cánach iltaobhacha, agus ní luaitear an tríú tír sin in Iarscríbhinn I ***nó in Iarscríbhinn II*** a ghabhann leis na conclúidí ón gComhairle maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach***, ná ar liosta an Aontais i ndáil le tríú tíortha inarb ann d'easnaimh straitéiseacha ina gcórais SA/MSC***.';

Or. en

(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A02011L0061-20260416)

Leasú 70

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 18 a (nua)
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 36 – mír 1 – pointe c

An téacs atá ann	*Leasú*
	(18a) in Airteagal 36, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1, pointe (c):
(c) ***ní shainaithnítear*** an tríú tír ina bhfuil an CIM neamh-AE bunaithe ***mar thríú tír ardriosca de bhun Airteagal 9(2) de Threoir (AE) 2015/849;***	'(c) ***tá comhaontú sínithe ag*** an tríú tír ina bhfuil an CIM neamh-AE bunaithe ***le Ballstát baile an BCIM údaraithe agus le gach Ballstát eile ina bhfuil sé beartaithe aonaid nó scaireanna an CIM neamh-AE a mhargú, ar comhaontú é lena gcomhlíontar go hiomlán na caighdeáin a leagtar síos in Airteagal 26 de Shamhailchoinbhinsiún Cánach ECFE ar Ioncam agus ar Chaipiteal agus lena n-áirithítear malartú éifeachtach faisnéise i gcúrsaí cánach, lena n-áirítear aon chomhaontuithe cánach iltaobhacha, agus ní luaitear an tríú tír sin in Iarscríbhinn I nó in Iarscríbhinn II a ghabhann leis na conclúidí ón gComhairle maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais i ndáil le***

	dlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach, ná ar liosta an Aontais i ndáil le tríú tíortha inarb ann d'easnaimh straitéiseacha ina gcórais SA/MSC.';

Or. en

(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A02011L0061-20260416)

Leasú 71

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 18 b (nua)
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 37 – mír 7 – fomhír 1 – pointe f

An téacs atá ann	*Leasú*
	(18b) in Airteagal 37, mír 7, an chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):
(f) tá comhaontú sínithe ag an tríú tír ina bhfuil an BCIM neamh-AE bunaithe leis an mBallstát tagartha, ar comhaontú é lena gcomhlíontar go hiomlán na caighdeáin a leagtar síos in Airteagal 26 de Shamhailchoinbhinsiún Cánach ECFE ar Ioncam agus ar Chaipiteal agus lena n-áirithítear malartú éifeachtach faisnéise i gcúrsaí cánach, lena n-áirítear aon chomhaontuithe cánach iltaobhacha, agus ní luaitear an tríú tír sin in Iarscríbhinn I a ghabhann leis na conclúidí ón gComhairle maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach.	'(f) tá comhaontú sínithe ag an tríú tír ina bhfuil an BCIM neamh-AE bunaithe leis an mBallstát tagartha, ar comhaontú é lena gcomhlíontar go hiomlán na caighdeáin a leagtar síos in Airteagal 26 de Shamhailchoinbhinsiún Cánach ECFE ar Ioncam agus ar Chaipiteal agus lena n-áirithítear malartú éifeachtach faisnéise i gcúrsaí cánach, lena n-áirítear aon chomhaontuithe cánach iltaobhacha, agus ní luaitear an tríú tír sin in Iarscríbhinn I ***nó in Iarscríbhinn II*** a ghabhann leis na conclúidí ón gComhairle maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach***, ná ar liosta an Aontais i ndáil le tríú tíortha inarb ann d'easnaimh straitéiseacha ina gcórais SA/MSC***.';

Or. en

(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A02011L0061-20260416)

Leasú 72

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 18 c (nua)
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 40 – mír 2 – fomhír 1 – pointe c

An téacs atá ann	*Leasú*
	(18c) in Airteagal 40, mír 2,, an chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):
(c) tá comhaontú sínithe ag an tríú tír ina bhfuil an CIM neamh-AE bunaithe leis an mBallstát tagartha agus le gach Ballstát eile ina bhfuil sé beartaithe aonaid nó scaireanna an CIM neamh-AE a mhargú, ar comhaontú é lena gcomhlíontar go hiomlán na caighdeáin a leagtar síos in Airteagal 26 de Shamhailchoinbhinsiún Cánach ECFE ar Ioncam agus ar Chaipiteal agus lena n-áirithítear malartú éifeachtach faisnéise i gcúrsaí cánach lena n-áirítear aon chomhaontuithe cánach iltaobhacha, agus ní luaitear an tríú tír sin in Iarscríbhinn I a ghabhann leis na conclúidí ón gComhairle maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach.	‘(c) tá comhaontú sínithe ag an tríú tír ina bhfuil an CIM neamh-AE bunaithe leis an mBallstát tagartha agus le gach Ballstát eile ina bhfuil sé beartaithe aonaid nó scaireanna an CIM neamh-AE a mhargú, ar comhaontú é lena gcomhlíontar go hiomlán na caighdeáin a leagtar síos in Airteagal 26 de Shamhailchoinbhinsiún Cánach ECFE ar Ioncam agus ar Chaipiteal agus lena n-áirithítear malartú éifeachtach faisnéise i gcúrsaí cánach lena n-áirítear aon chomhaontuithe cánach iltaobhacha, agus ní luaitear an tríú tír sin in Iarscríbhinn I ***nó in Iarscríbhinn II*** a ghabhann leis na conclúidí ón gComhairle maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach***, ná ar liosta an Aontais i ndáil le tríú tíortha inarb ann d’easnaimh straitéiseacha ina gcórais SA/MSC***.’;

Or. en

(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A02011L0061-20260416)

Leasú 73

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 18 d (nua)
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 42 – mír 1 – fomhír 1 – pointe d

An téacs atá ann	*Leasú*
	(18d) in Airteagal 42, mír 1, fomhír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad

	phointe (d):
(d) tá comhaontú sínithe ag an tríú tír ina bhfuil an BCIM neamh-AE nó an CIM neamh-AE bunaithe leis an mBallstát ina bhfuil sé beartaithe aonaid nó scaireanna an CIM neamh-AE a mhargú, ar comhaontú é lena gcomhlíontar go hiomlán na caighdeáin a leagtar síos in Airteagal 26 de Shamhailchoinbhinsiún Cánach ECFE ar Ioncam agus ar Chaipiteal agus lena n-áirithítear malartú éifeachtach faisnéise i gcúrsaí cánach, lena n-áirítear aon chomhaontuithe cánach iltaobhacha, agus ní luaitear an tríú tír sin in Iarscríbhinn I a ghabhann leis na conclúidí ón gComhairle maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach.	‘(d) tá comhaontú sínithe ag an tríú tír ina bhfuil an BCIM neamh-AE nó an CIM neamh-AE bunaithe leis an mBallstát ina bhfuil sé beartaithe aonaid nó scaireanna an CIM neamh-AE a mhargú, ar comhaontú é lena gcomhlíontar go hiomlán na caighdeáin a leagtar síos in Airteagal 26 de Shamhailchoinbhinsiún Cánach ECFE ar Ioncam agus ar Chaipiteal agus lena n-áirithítear malartú éifeachtach faisnéise i gcúrsaí cánach, lena n-áirítear aon chomhaontuithe cánach iltaobhacha, agus ní luaitear an tríú tír sin in Iarscríbhinn I ***nó in Iarscríbhinn II*** a ghabhann leis na conclúidí ón gComhairle maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach***, ná ar liosta an Aontais i ndáil le tríú tíortha inarb ann d’easnaimh straitéiseacha ina gcórais SA/MSC***.’;

Or. en

(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A02011L0061-20260416)

Leasú 74

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 19 a (nua)
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 44 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(19a) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:
	‘Airteagal 44a
	1. Faoin … [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo] déanfaidh ESMA, i gcomhairle le BERS, gach grúpa AE de chuideachtaí bainistíochta agus de BCIManna a bhfuil tábhacht shuntasach leo don Aontas (‘grúpaí suntasacha AE de chuideachtaí bainistíochta agus de BCIManna’) a

shainaithint. Measfar grúpa AE de chuideachtaí bainistíochta agus BCIManna a bheith suntasach i gcás ina gcomhlíonfaidh sé na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá glanluachanna sócmhainní comhiomlána uile-Aontais na gcuideachtaí bainistíochta GCUI agus BCIManna laistigh den ghrúpa os cionn EUR 150 billiún;

(b) tá na cuideachtaí bainistíochta GCUI agus na BCIManna laistigh den ghrúpa bunaithe i níos mó ná aon Bhallstát amháin, nó déanann na cuideachtaí bainistíochta GCUI agus na BCIManna sin GCUInna agus CIManna a bhainistiú nó a mhargú i níos mó ná aon Bhallstát amháin.

2. Chun críocha mhír 1, an chéad fhomhír, pointe (a), le sócmhainní comhiomlána uile-Aontais faoi bhainistíocht, cuimseofar sócmhainní AE faoi bhainistíocht atá faoi raon feidhme na Treorach seo nó faoi raon feidhme Threoir 2009/65/CE nó faoi raon feidhme na Treorach seo.

3. Foilseoidh ESMA liosta de ghrúpaí AE de chuideachtaí bainistíochta agus BCIManna a shainaithnítear mar ghrúpaí suntasacha AE i gcomhréir leis an gcéad fhomhír agus tabharfaidh sé an liosta sin cothrom le dáta gach bliain. I gcás ina n-ainmníonn ESMA grúpa AE de chuideachtaí bainistíochta agus BCIManna mar ghrúpa suntasach, glacfaidh sé na cúraimí agus na dualgais mhaoirseachta arna sannadh faoin Treoir seo d'údarás inniúil an Bhallstáit baile, lena n-áirítear chun iad a údarú agus maoirseacht a dhéanamh orthu.';

Or. en

Leasú 75

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 19 b (nua)
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 44 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(19b) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:
	'Airteagal 44b
	Táillí maoirseachta
	1. Gearrfaidh ESMA táillí ar gach grúpa suntasach AE de chuideachtaí bainistíochta agus BCIManna.
	2. Cumhdófar go hiomlán leis na táillí dá dtagraítear i mír 1 caiteachas riachtanach ESMA a bhaineann le bainistíocht dhíreach, formhaoirseacht leanúnach, cigireachtaí ar an láthair, agus forfheidhmiú grúpaí suntasacha cuideachtaí bainistíochta agus BCIManna de chuid an Aontais agus cumhdófar leo na costais uile arna dtabhú ag ESMA chun a chúraimí maoirseachta a chomhlíonadh faoin Treoir seo.
	3. Beidh méid na táille maoirseachta aonair a ghearrfar ar ghrúpa suntasach AE de chuideachtaí bainistíochta agus BCIManna go hiomlán comhréireach lena mhéid, arna ríomh ar bhonn a shócmhainní iomlána faoi bhainistíocht, agus beidh méid na táille sin ina léiriú ar chastacht agus próifíl riosca na straitéisí infheistíochta atá á saothrú.
	4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an tAirteagal seo a fhorlíonadh, tríd an méid seo a leanas a shonrú:
	(a) cineálacha na dtáillí;
	(b) na nithe a bhfuil táillí dlite ina leith;
	(c) an modh a ríomhtar na dtáillí; agus
	(d) an chaoi a bhfuil na táillí le híoc.';

Or. en

Leasú 76

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 21
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 47a – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Athbhreithniú ESMA ar ***ghrúpaí móra AE de*** BCIManna agus cuideachtaí bainistíochta	Athbhreithniú ESMA ar BCIManna agus cuideachtaí bainistíochta

Or. en

Leasú 77

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 21
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 47a – mír 1 – fomhír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) tá glanluachanna sócmhainní comhiomlána uile-Aontais BCIManna agus na gcuideachtaí bainistíochta laistigh den ghrúpa ***os cionn EUR 300*** billiún;	(a) tá glanluachanna sócmhainní comhiomlána uile-Aontais BCIManna agus na gcuideachtaí bainistíochta laistigh den ghrúpa ***idir EUR 50 billiún agus EUR 150*** billiún;

Or. en

Leasú 78

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 21
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 47a – mír 3 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh ESMA athbhreithniú, ar bhonn	Déanfaidh ESMA athbhreithniú, ar bhonn

bliantúil ar a laghad, ar ***gach grúpa AE a shainaithnítear*** de bhun ***mhír 1***, arb athbhreithniú a dhéanfar i gcomhar le húdaráis inniúla Bhallstáit bhaile BCIManna agus, i gcás inarb ábhartha, le húdaráis inniúla Bhallstáit bhaile na gcuideachtaí bainistíochta atá ina gcuid den ghrúpa AE.	bliantúil ar a laghad, ar ***chuideachtaí bainistíochta GCUI agus BCIManna a thagann faoi mhír 1 agus nach dtagann faoi mhaoirseacht dhíreach ESMA*** de bhun ***Airteagal 44a***, arb athbhreithniú a dhéanfar i gcomhar le húdaráis inniúla Bhallstáit bhaile BCIManna agus, i gcás inarb ábhartha, le húdaráis inniúla Bhallstáit bhaile na gcuideachtaí bainistíochta atá ina gcuid den ghrúpa AE.
	Or. en

Leasú 79

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 21
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 47a – mír 3 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Le linn an athbhreithnithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, déanfaidh ESMA measúnú ar na cineálacha cur chuige maoirseachta ***a chleachtann údaráis inniúla na BCIManna agus, i gcás inarb ábhartha, cuideachtaí bainistíochta laistigh de gach grúpa AE*** i gcur i bhfeidhm cheanglais na Treorach seo agus Threoir 2009/65/CE**.** Chun críoch an athbhreithnithe sin, úsáidfidh ESMA modheolaíocht lena n-áirithítear inchomparáideacht agus comhsheasmhacht na gcur chuige maoirseachta sin.	Le linn an athbhreithnithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, déanfaidh ESMA measúnú ar na cineálacha cur chuige maoirseachta i gcur i bhfeidhm cheanglais na Treorach seo agus Threoir 2009/65/CE**.** Chun críoch an athbhreithnithe sin, úsáidfidh ESMA modheolaíocht lena n-áirithítear inchomparáideacht agus comhsheasmhacht na gcur chuige maoirseachta sin.
	Or. en

Leasú 80

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 21
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 47a – mír 3 – fomhír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Déanfaidh ESMA an t-athbhreithniú dá dtagraítear sa chéad fhomhír ar bhonn níos minice i gcás ábhair imní a bhfuil údar leo maidir le cosaint infheisteoirí, cobhsaíocht airgeadais nó sláine an mhargaidh.

Or. en

Leasú 81

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 21
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 47a – mír 4 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. San athbhreithniú dá dtagraítear i mír 3, déanfar measúnú, go háirithe, ar na cineálacha cur chuige maoirseachta maidir leis na nithe seo a leanas i ndáil le gach ***grúpa AE***:	4. San athbhreithniú dá dtagraítear i mír 3, déanfar measúnú, go háirithe, ar na cineálacha cur chuige maoirseachta maidir leis na nithe seo a leanas i ndáil le gach ***BCIM agus gach cuideachta bhainistíochta GCUI***:

Or. en

Leasú 82

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 21
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 47a – mír 4 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) acmhainní agus leithdháileadh na n-acmhainní sin ***laistigh agus lasmuigh den ghrúpa AE***, lena n-áirítear feidhmeanna na ndaoine a dhéanann gnó na BCIManna go héifeachtach agus, i gcás inarb ábhartha, gnó na gcuideachtaí bainistíochta***, laistigh den ghrúpa AE***;	(b) acmhainní agus leithdháileadh na n-acmhainní sin, lena n-áirítear feidhmeanna na ndaoine a dhéanann gnó na BCIManna go héifeachtach agus, i gcás inarb ábhartha, gnó na gcuideachtaí bainistíochta;

Or. en

Leasú 83

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 21
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 47a – mír 5 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) cláir gníomhaíochtaí na BCIManna agus, i gcás inarb ábhartha, na gcuideachtaí bainistíochta ***laistigh den ghrúpa AE***.	(b) cláir gníomhaíochtaí na BCIManna agus, i gcás inarb ábhartha, na gcuideachtaí bainistíochta.

Or. en

Leasú 84

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 21
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 47a – mír 6 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Tar éis gach athbhreithnithe, dá dtagraítear i mír 3, tar éis do ESMA dul i gcomhairle le húdaráis inniúla Bhallstáit bhaile na BCIManna agus, i gcás inarb ábhartha, le húdaráis inniúla Bhallstáit bhaile na gcuideachtaí bainistíochta ***laistigh den ghrúpa AE***, cinnfidh ESMA ar shainaithin sé aon chur chuige maoirseachta atá éagsúil, dúblach, iomarcach nó easnamhach.	Tar éis gach athbhreithnithe, dá dtagraítear i mír 3, tar éis do ESMA dul i gcomhairle le húdaráis inniúla Bhallstáit bhaile na BCIManna agus, i gcás inarb ábhartha, le húdaráis inniúla Bhallstáit bhaile na gcuideachtaí bainistíochta, cinnfidh ESMA ar shainaithin sé aon chur chuige maoirseachta atá éagsúil, dúblach, iomarcach nó easnamhach***, go háirithe cineálacha cur chuige a d'fhéadfadh feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, sláine na margaí airgeadais, cobhsaíocht airgeadais nó cosaint infheisteoirí a chur i mbaol***.

Or. en

Leasú 85

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 21
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 47a – mír 7 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás, le linn an athbhreithnithe dá dtagraítear i mír 3, ina sainaithneoidh ESMA réimsí ina bhfuil gá le gníomhaíocht mhaoirseachta***, eiseoidh a Bhord feidhmiúcháin moladh maidir le gníomhaíochtaí ceartaitheacha chuig*** na húdaráis inniúla lena mbaineann***, ar moladh é a bheidh le cur chun feidhme*** laistigh ***de thréimhse réasúnta ama, nach faide ná bliain amháin***.	I gcás, le linn an athbhreithnithe dá dtagraítear i mír 3, ina sainaithníonn ESMA réimsí ina bhfuil gá le gníomhaíocht mhaoirseachta***, nó má nochtar le faisnéis eile atá ar fáil dó rioscaí maoirseachta nach dtugtar aghaidh orthu, cleachtais mhaoirseachta éagsúla nó easnamhacha nó bacainní ar ghníomhaíochtaí trasteorann, féadfaidh ESMA cinneadh a eisiúint chun gníomhaíocht mhaoirseachta shonrach a dhéanamh nó staonadh ó ghníomhaíocht, a mbeidh éifeachtaí ceangailteacha aige ar*** na húdaráis inniúla lena mbaineann***, lena n-áirítear ar chinntí údarúcháin nó ar a dtarraingt siar, coigeartuithe ar choinníollacha údarúcháin, cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag údaráis inniúla náisiúnta nó comhar le comhfhoirne maoirseachta arna mbunú agus arna gcomhordú ag ESMA nó gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin.***

Or. en

Leasú 86

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 21
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 47a – mír 7 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Féadfaidh ESMA cinneadh ar leithligh a ghlacadh, i gcás inar gá sin chun comhlíonadh dhlí an Aontais a áirithiú nó chun feidhmiú ordúil agus sláine an

	chórais airgeadais a áirithiú nó chun deireadh a chur le bacainní margaidh arna mbunú ag údaráis inniúla náisiúnta, ar cinneadh é a bheidh dírithe chuig rannpháirtí sa mhargadh airgeadais chun údaruithe a dheonú, chun gníomhaíochtaí gnó trasteorann a chumasú nó chun a cheangal air gach gníomhaíocht is gá a dhéanamh chun a chuid oibleagáidí faoin Treoir seo agus faoi Threoir 2009/65/CE a chomhlíonadh, lena n-áirítear scor d'aon chleachtas áirithe. Déanfaidh an rannpháirtí sa mhargadh gach iarracht cinneadh ESMA a chomhlíonadh laistigh ***den tréimhse shonraithe.***

Or. en

Leasú 87

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 21
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 47a – mír 7 – fomhír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Is é an Bord Feidhmiúcháin a eiseoidh cinntí ESMA dá dtagraítear faoin gcéad fhomhír agus faoin dara fomhír agus déanfar na cinntí sin trí thromlach simplí de chomhaltaí an Bhoird.

Or. en

Leasú 88

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 21
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 47a – mír 7 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

Cuirfidh ESMA údaráis inniúla Bhallstáit óstacha na BCIManna agus, i gcás inarb ábhartha, údaráis inniúla Bhallstáit óstacha na gcuideachtaí bainistíochta ar an eolas faoina thorthaí freisin, lena n-áirítear aon mholadh maidir le gníomhaíochtaí ceartaitheacha atá eisithe aige de bhun na chéad fhomhíre.	***scriosta***

Or. en

Leasú 89

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 21
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 47a – mír 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
8. Maidir le húdaráis inniúla Bhallstáit bhaile na BCIManna agus, i gcás inarb ábhartha, na gcuideachtaí bainistíochta laistigh den ghrúpa AE, i gcás nach leanann siad an moladh arna eisiúint de bhun mhír 7, gníomhóidh ESMA i gcomhréir leis na cumhachtaí a thugtar dó faoi Airteagail 17, 17aa nó 19 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.	***scriosta***

Or. en

Leasú 90

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 22 – pointe a
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 50 – mír 5g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5g. I gcás ina ndearna BCIM taisclann atá bunaithe i mBallstát seachas Ballstát an chiste infheistíochta mhalartaigh a cheapadh le haghaidh CIM	***scriosta***

atá á bhainistiú aige, i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 21(5), agus i gcás ina bhfuil ag údaráis inniúla Bhallstát baile CIM nó, i gcás nach rialáiltear an CIM, i gcás ina bhfuil ag údaráis inniúla Bhallstát baile an BCIM a bhainistíonn an CIM, forais réasúnacha le bheith in amhras go bhfuil gníomhartha atá contrártha don Treoir seo á ndéanamh nó déanta ag taisclann nach bhfuil faoi réir mhaoirseacht na n-údarás inniúil sin, tabharfaidh na húdaráis inniúla sin fógra gan mhoill do ESMA agus d'údaráis inniúla na taisclainne lena mbaineann ar bhealach chomh sonrach agus is féidir. Déanfaidh na húdaráis inniúla is faighteoirí gníomhaíocht iomchuí agus déanfaidh siad ESMA agus na húdaráis inniúla a thugann fógra a chur ar an eolas faoi thoradh na gníomhaíochta sin. Beidh an mhír seo gan dochar d'inniúlachtaí na n-údarás inniúil a thugann fógra.

Or. en

Leasú 91

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 22 – pointe c
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 50 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. ***Féadfaidh*** ESMA treoirlínte a fhorbairt ina dtugtar tásca chun na húdaráis inniúla a threorú maidir le feidhmiú na gcumhachtaí acu a leagtar amach in Airteagal 46(2), pointe (j), agus tásca maidir leis na cásanna a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis leis na hiarrataí dá dtagraítear i míreanna 5b agus 5f a chur ar aghaidh. Agus na treoirlínte sin á bhforbairt ag ESMA, measfaidh sé na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag idirghabháil maoirseachta den sórt sin i	7. ***Faoin 31 Nollaig 2027, déanfaidh*** ESMA treoirlínte a fhorbairt ***i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010*** ina dtugtar tásca chun na húdaráis inniúla a threorú maidir le feidhmiú na gcumhachtaí acu a leagtar amach in Airteagal 46(2), pointe (j), agus tásca maidir leis na cásanna a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis leis na hiarrataí dá dtagraítear i míreanna 5b agus 5f a chur ar aghaidh. Agus na treoirlínte sin á bhforbairt ag ESMA, measfaidh sé na

gcás cosaint infheisteoirí agus cobhsaíocht airgeadais i mBallstát eile nó san Aontas. Leis na treoirlínte sin, aithneofar gur ar BCIManna fós atá an phríomhfhreagracht as bainistiú riosca leachtachta.

himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag idirghabháil maoirseachta den sórt sin i gcás cosaint infheisteoirí agus cobhsaíocht airgeadais i mBallstát eile nó san Aontas. Leis na treoirlínte sin, aithneofar gur ar BCIManna fós atá an phríomhfhreagracht as bainistiú riosca leachtachta.;

Or. en

Leasú 92

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 23 a (nua)
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 54 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(23a) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:
	'Airteagal 54a
	Cumhachtaí díreacha maoirseachta ESMA ar thaiscithe
	1. Chun a áirithiú go gcomhlíonfar Caibidil IV de Threoir 2009/65/CE agus Airteagal 21 den Treoir seo, feidhmeoidh ESMA na cumhachtaí maoirseachta dírí ar thaiscithe, lena n-áirítear an chumhacht seo a leanas:
	(a) faisnéis a iarraidh ar thaiscithe, ar a bhfostaithe, agus ar thoscairí tríú páirtí gaolmhara;
	(b) imscrúduithe ginearálta agus cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh;
	(c) rabhaidh mhaoirseachta a eisiúint, scor de chleachtais neamhchomhlíontacha a ordú, nó toirmeasc sealadach a chur ar dhaoine aonair ó fheidhmeanna bainistíochta;
	(d) fíneálacha riaracháin agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur.
	2. Déanfaidh ESMA a ghníomhaíochtaí

	maoirseachta a chomhordú leis na húdaráis inniúla baincéireachta atá freagrach as maoirseacht stuamachta a dhéanamh ar institiúidí creidmheasa atá ag gníomhú mar thaiscithe.';

Or. en

Leasú 93

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 27 a – pointe a (nua)
Treoir 2011/61/AE
Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe b

An téacs atá ann	*Leasú*
	(27a) in Iarscríbhinn II, leasaítear mír 1 mar a leanas:
	(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):
(b) tá an beartas luacha saothair i gcomhréir le straitéis ghnó, cuspóirí, luachanna agus leasanna an BCIM agus na CIManna atá á mbainistiú aige nó infheisteoirí sna CIManna sin, agus go n-áirítear ann bearta chun coinbhleachtaí leasa a sheachaint;	'(b) tá an beartas luacha saothair i gcomhréir le straitéis ghnó ***agus inbhuanaitheachta***, cuspóirí, luachanna agus leasanna an BCIM agus na CIManna atá á mbainistiú aige nó infheisteoirí sna CIManna sin, agus áirítear ann bearta chun coinbhleachtaí leasa a sheachaint;';

Or. en

(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A02011L0061-20260416)

Leasú 94

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 27 a – pointe b (nua)
Treoir 2011/61/AE
Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe g

An téacs atá ann	*Leasú*
	(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):
(g) i gcás ina mbaineann luach saothair le feidhmíocht, tá méid iomlán an luacha	'(g) i gcás ina mbaineann luach saothair le feidhmíocht, tá méid iomlán an luacha

saothair bunaithe ar mheascán den mheasúnú ar fheidhmíocht an duine aonair agus an aonaid gnó nó an CIM lena mbaineann agus de thorthaí foriomlána an BCIM, agus nuair a dhéantar measúnú ar fheidhmíocht aonair, cuirtear critéir airgeadais agus neamhairgeadais san áireamh;	saothair bunaithe ar mheascán den mheasúnú ar fheidhmíocht an duine aonair agus an aonaid gnó nó an CIM lena mbaineann agus de thorthaí foriomlána an BCIM, agus nuair a dhéantar measúnú ar fheidhmíocht aonair, cuirtear critéir airgeadais agus neamhairgeadais san áireamh ***ar bhealach comhionann***;’;

Or. en

(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A02011L0061-20260416)

Leasú 95

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 27 a – pointe c (nua)
Treoir 2011/61/AE
Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe 1

An téacs atá ann	*Leasú*
	(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (l):
(l) leis an tomhas ar fheidhmíocht a úsáidtear chun comhpháirteanna luacha saothair inathraithe nó comhthiomsuithe comhpháirteanna luacha saothair inathraithe a ríomh, áirítear sásra cuimsitheach coigeartaithe chun gach cineál riosca ábhartha atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a chomhtháthú;	‘(l) leis an tomhas ar fheidhmíocht a úsáidtear chun comhpháirteanna luacha saothair inathraithe nó comhthiomsuithe comhpháirteanna luacha saothair inathraithe a ríomh, áirítear sásra cuimsitheach coigeartaithe chun gach cineál riosca ábhartha atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a chomhtháthú***, lena n-áirítear rioscaí aeráide agus aistrithe***;’;

Or. en

(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A02011L0061-20260416)

Leasú 96

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 27 a – pointe d (nua)
Treoir 2011/61/AE
Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe r

An téacs atá ann	*Leasú*
	(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (r):
(r) nach n-íoctar luach saothair inathraithe trí mheáin ná trí mhodhanna lena n-éascaítear seachaint cheanglais na Treorach seo.	‘(r) nach n-íoctar luach saothair inathraithe trí mheáin nó trí mhodhanna lena n-éascaítear seachaint cheanglais na Treorach seo ***nó a bhfuil sé d’éifeacht acu dliteanas cánach an fhostaí a laghdú. Thairis sin, beidh comhpháirteanna seasta agus athraitheacha an luacha saothair iomláin cothromaithe go hiomchuí, agus is cion sách ard den luach saothair iomlán a bheidh sa chomhpháirt sheasta chun go bhféadfar beartas lán-solúbtha a fheidhmiú maidir le comhpháirteanna luacha saothair inathraithe, lena n-áirítear an fhéidearthacht gan aon chomhpháirt luacha saothair inathraithe a íoc; Socróidh BCIManna na cóimheasa iomchuí idir an chomhpháirt sheasta agus an chomhpháirt athraitheach den luach saothair iomlán, sa chaoi nach sáróidh an chomhpháirt athraitheach 100 % den chomhpháirt sheasta den luach saothair iomlán do gach duine aonair. Féadfaidh na Ballstáit uaschéatadán níos ísle a shocrú.***’;

Or. en

(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A02011L0061-20260416)

Leasú 97

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1 a (nua)
Treoir 2014/65/AE
Airteagal 2 – mír 1 – pointe j

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1a) in Airteagal 2, mír 1, scriostar pointe (j);

Or. en

(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A02014L0065-20260606)

Leasú 98

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 4
Treoir 2014/65/AE
Airteagal 8 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfaidh an t-údarás inniúil an t-údarú a eisíodh do ghnólacht infheistíochta a tharraingt siar sna cásanna seo a leanas:	***Déanfaidh*** an t-údarás inniúil an t-údarú a eisíodh do ghnólacht infheistíochta a tharraingt siar sna cásanna seo a leanas:

Or. en

Leasú 99

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 10 – pointe c
Treoir 2014/65/AE
Airteagal 34 – mír 8 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfaidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun an fhaisnéis, faoina bhfuil fógra le tabhairt i gcomhréir le míreanna 2, 4 agus 5, a shonrú.	***Déanfaidh*** ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun an fhaisnéis, faoina bhfuil fógra le tabhairt i gcomhréir le míreanna 2, 4 agus 5, a shonrú.

Or. en

Leasú 100

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 10 – pointe d
Treoir 2014/65/AE
Airteagal 34 – mír 9 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfaidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a fhorbairt chun foirmeacha caighdeánacha, teimpléid chaighdeánacha agus nósanna imeachta caighdeánacha a bhunú maidir le faisnéis a tharchur i gcomhréir le míreanna 2, 3, 4 agus 5.	***Déanfaidh*** ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a fhorbairt chun foirmeacha caighdeánacha, teimpléid chaighdeánacha agus nósanna imeachta caighdeánacha a bhunú maidir le faisnéis a tharchur i gcomhréir le míreanna 2, 3, 4 agus 5.

Or. en

Leasú 101

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 17 – pointe d
Treoir 2014/65/AE
Airteagal 58 – mír 5 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfaidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a fhorbairt chun formáid na miondealuithe dá dtagraítear i mír 2 a chinneadh.	***Déanfaidh*** ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a fhorbairt chun formáid na miondealuithe dá dtagraítear i mír 2 a chinneadh.

Or. en

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

San aitheasc a thug sí uaithi ar Staid an Aontais, dúirt Uachtarán an Choimisiúin Ursula von der Leyen gurb é an Margadh Aonair an tsócmhainn is mó atá againn ach go bhfuil sé fós gan chríochnú. Thagair sí do staidéar CAI ina meastar gurb ionann na bacainní inmheánacha laistigh den Mhargadh Aonair agus taraif 45 % ar earraí, agus taraif 110 % ar sheirbhísí.[1]

D'ainneoin an dul chun cinn atá déanta le deich mbliana anuas, tá margaí airgeadais an Aontais fós ilroinnte go mór thar theorainneacha náisiúnta, agus is iad cuideachtaí, infheisteoirí deiridh agus coigilteoirí an Aontais a fhaigheann an costas sin ar deireadh. Mar shampla, san earnáil bainistíochta sócmhainní, tá thart ar 65 000 ciste gníomhach san Aontas (thart ar 30 000 GCUI agus 35 000 ciste infheistíochta malartach), i gcomparáid le thart ar 7 500 ciste sna Stáit Aontaithe. In 2024, bhí sócmhainní de thart ar EUR 313 mhilliún ag meánchiste an Aontais, ach bhí an figiúr comhfhreagrach thart ar EUR 2,3 billiún sna Stáit Aontaithe agus EUR 660 milliún sa Ríocht Aontaithe.[2] Dá bhrí sin, tá líon i bhfad níos mó cistí beaga ag baint le margadh an Aontais, i gcodarsnacht leis an struchtúr níos comhchruinnithe a fheictear sna Stáit Aontaithe. Déanann an ilroinnt sin dochar d'iomaíochas earnáil cistí infheistíochta an Aontais vis-à-vis iomaitheoirí domhanda, ós rud é gur príomhthoisc í méid an chiste a imríonn tionchar ar na costais a ghearrtar ar infheisteoirí deiridh. Creideann an Rapóirtéir, le himeacht ama, go bhféadfadh méideanna méadaithe cistí agus gnóthachain éifeachtúlachta a bheith mar thoradh ar mhargadh cistí trasteorann níos comhtháite san Aontas Eorpach, a d'fhéadfadh, dá gcuirfí ar aghaidh chuig infheisteoirí miondíola iad, cabhrú le costais a laghdú agus luach níos fearr ar airgead a sholáthar d'infheisteoirí deiridh.

I bhfianaise staid na himeartha maidir le comhtháthú mhargadh an Aontais faoi láthair, is geal leis an Rapóirtéir tograí teicniúla arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar ilroinnt rialála i margadh aonair an Aontais do sheirbhísí airgeadais agus í a laghdú, agus bearta chun deireadh a chur le bacainní lena gcuirtear cosc ar ghníomhaithe sa mhargadh airgeadais fás chun scála agus oibriú thar theorainneacha. Cé go bhfuil sé go hiomlán ar an eolas go bhfuil ról suntasach ag roinnt gnéithe eile freisin lena mínítear go pointe áirithe an líon atá leagtha amach ag CAI - amhail cultúir infheistíochta éagsúla, difríochtaí náisiúnta i ndlí na gcuideachtaí, agus dlí cánach - is é tuairim dhaingean an Rapóirtéara nach féidir leis an Eoraip cloí leis an status quo atá ann faoi láthair. Níos mó ná riamh, tá aon leabhar rialacha amháin de dhíth orainn, leabhar a chuirfear chun feidhme agus a fhorfheidhmeofar go pras, agus é sin faoi mhaoirseacht láidir láraithe an Aontais.

Is díol sásaimh don Rapóirtéir, dá bhrí sin, bearta arb é is aidhm dóibh an pas a neartú agus an creat dáileacháin trasteorann do GCUInna agus do CIManna a éascú. Ar choinníoll go bhfuil na coimircí is gá ann chun cuideachtaí bosca litreach a sheachaint, d'fhéadfadh athchóirithe ar choincheap na ngrúpaí níos mó éifeachtúlachtaí a thabhairt isteach in eagrú cuideachtaí bainistíochta sócmhainní. Leis an gcoincheap sin, ba cheart formhaoirseacht a éascú trí léargas níos iomláine a thabhairt do ESMA ar struchtúir mhóra bainistithe sócmhainní trasteorann, lena n-áirítear socruithe tarmligin. Ar deireadh, tá an smaoineamh atá taobh thiar de phas taisclainne inmholta agus d'fhéadfadh sé iomaíocht i seirbhísí taisclainne a mhéadú

[1] https://www.imf.org/en/news/articles/2024/12/15/sp121624-europes-choice-policies-for-growth-and-resilience
[2] EGOV, MISP: Athbhreithniú ar shaincheisteanna teicniúla roghnaithe, Aibreán 2026, lch. 2.

agus tacú le fíor-Aontas Margaí Caipitil a chruthú, ar choinníoll go bhforáiltear freisin do na coimircí is gá anseo chun toradh cothrom a áirithiú.

Ag an am céanna, ní féidir le margaí airgeadais comhtháthú agus bláthú i gceart ach amháin in aeráid chobhsaí airgeadais ina bhfuil cosaint mhaith ag infheisteoirí. Dá bhrí sin, d'fhonn fíormhargadh comhtháite agus níos iomaíche a chruthú do chistí infheistíochta an Aontais a fhreastalaíonn ar an gcéad dul síos ar infheisteoirí an Aontais agus ar chuideachtaí an Aontais, creideann an Rapóirtéir gur cheart an Mháistir-Treoir a neartú leis na gnéithe seo a leanas:

Ról maoirseachta níos láidre a bheith ag ESMA: Go dtí an lá atá inniu ann, is ar an leibhéal náisiúnta den chuid is mó a eagraíodh maoirseacht, rud a d'fhág go minic go raibh cuir chuige mhaoirseachta an-ilroinnte ann. I bhfianaise an róil mhéadaithigh atá ag roinnt gníomhaithe móra in earnáil na bainistíochta sócmhainní le 10 mbliana anuas, tá amhras mór ann an leor fós an tsamhail mhaoirseachta atá ann cheana d'oibríochtaí ar fud an Aontais don todhchaí. Mar a léiríodh leis an strus ar an margadh le linn thréimhse Covid, d'fhéadfadh cur isteach ar an earnáil bainistíochta sócmhainní a bheith de chineál sistéamach agus d'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith aige ar an earnáil airgeadais i gcoitinne agus thar theorainneacha. I bhfianaise na castachta corparáidí agus na rioscaí cobhsaíochta airgeadais lena mbaineann agus chun maoirseacht a dhéanamh slán i bhfad na haimsire, molann an Rapóirtéir, dá bhrí sin, freagracht dhíreach a chur ar ESMA as údarú agus maoirseacht grúpaí móra bainistíochta sócmhainní san Aontas Eorpach. Ba cheart do ESMA na grúpaí sin a shainaithint ar bhonn mhéid mhór a láithreachta sa mhargadh agus a dtionchair laistigh den Aontas, arna dtomhas de réir a nglanluachanna sócmhainní agus fhairsinge a n-oibríochtaí agus a ngníomhaíochtaí trasteorann. Leis an gcur chuige sin, ba cheart caochspotaí maoirseachta a laghdú agus athléimneacht na hearnála a neartú, rud a chuideodh le sreafaí creidmheasa agus leachtachta a chaomhnú, le linn tréimhsí struis freisin. I gcás na ngníomhaithe nach bhfuil chomh suntasach céanna ó thaobh sócmhainní faoi bhainistíocht de, tacaíonn an Rapóirtéir leis an sásra athbhreithnithe atá beartaithe ag an gCoimisiún Eorpach le roinnt athruithe chun a nádúr praiticiúil a mhéadú. Thairis sin, tugann an Rapóirtéir dá aire na hábhair imní a cuireadh in iúl maidir le coincheap an phas do thaiscithe. I bhfianaise a méide agus a gcineáil shistéamaigh, agus chun comhsheasmhacht mhaoirseachta a mhéadú agus deimhneacht dhlíthiúil trasteorann a áirithiú, creideann an Rapóirtéir gur cheart do ESMA cumhachtaí maoirseachta díreacha a fheidhmiú ar thaiscithe.

Teicnící éifeachtúla bainistithe punainne: Ba cheart go bhfeidhmeodh athchóirithe maidir leis an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta ar an gcéad dul síos do choigilteoirí, d'infheisteoirí deiridh agus do chuideachtaí an Aontais. Dá bhrí sin, tá gá le coimircí breise sa phacáiste seo chun muinín a fheabhsú. Tá méadú ag teacht ar úsáid teicnící éifeachtúla bainistithe punainne, mar shampla idirbhearta iasachta urrús, san Aontas freisin. Cé go bhféadfadh sé tairbhe a bhaint as torthaí breise a ghiniúint ar ionstraimí airgeadais, is cleachtas rioscúil casta é freisin atá deacair don ghnáthchliant miondíola a thuiscint. Léirítear i staidéir a rinne ESMA[3] agus BETTER FINANCE[4] go bhfuil neamhréireachtaí móra idir bainisteoirí sócmhainní i dtéarmaí leibhéal na n-ioncam a fhilleann siad ar infheisteoirí, go háirithe i gcásanna ina mbraitheann bainisteoirí sócmhainní ar pháirtithe gaolmhara (amhail

[3] https://www.esma.europa.eu/press-news/esma-news/esma-publishes-follow-report-peer-review-guidelines-etfs-and-other-ucits

[4] https://betterfinance.eu/publication/securities-lending-income-attribution-conflicts-of-interests-in-eu-retail-investment-funds/

gníomhairí inmheánacha nó gníomhairí um iasachtú urrús cleamhnaithe) chun idirbhearta iasachta urrús a dhéanamh. Thairis sin, tá fianaise ann nach ndéanann bainisteoirí sócmhainní measúnuithe atá doiciméadaithe go leordhóthanach chun údar a thabhairt leis na costais a asbhaintear as ollioncam a thuilltear. Chun cosaint infheisteoirí a fheabhsú agus coinbhleachtaí leasa a bhaineann le cleachtais den sórt sin a laghdú, molann an Rapóirtéir coimircí riachtanacha chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb sin.

Dlínsí cánach neamh-chomhoibríocha: Díríonn liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha (an ‘dúliosta cánach’) ar thíortha nach gcomhlíonann na caighdeáin idirnáisiúnta maidir le trédhearcacht cánach, cánachas cothrom, agus cur chun feidhme beart frith-BEPS (Creimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis). Níor cheart cead a thabhairt do CIManna neamh-AE ná do BCIManna neamh-AE margú i mBallstáit an Aontais má tá siad lonnaithe i dtríú tír atá in Iarscríbhinn I nó II de liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach nó má mheastar gur tríú tír ardriosca í ó thaobh sciúradh airgid de.

Cobhsaíocht airgeadais: Cé gur geal leis an Rapóirtéir bearta lena dtéitear i ngleic le hilroinnt an mhargaidh, tugann sé rabhadh freisin faoi rioscaí gabhála trasteorann a bhaineann le cobhsaíocht airgeadais. Dá bhrí sin, tacaíonn sé go hiomlán leis an iarraidh ó BCE gur cheart leasuithe ar an gcreat macrastuamachta a bheith ag gabháil le creat níos comhtháite chun maoirseacht a dhéanamh ar chistí agus ar bhainisteoirí sócmhainní. Chun tairbhe iomlán a bhaint as an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta, ba cheart na margaí caipitil a bheith ina bhfoinse athléimneach agus inbhuanaithe maoinithe, fiú le linn tréimhsí struis sa mhargadh. Chuige sin, tá gá le creat macrastuamachta lenar féidir riosca sistéamach atá ag teacht chun cinn a bhrath agus aghaidh a thabhairt air ar fud earnáil na n-institiúidí airgeadais neamhbhainc, lena n-áirítear in earnálacha sonracha amhail earnáil na réadmhaoine, go háirithe. Dá bhrí sin, molann an Rapóirtéir bearta amhail tástáil struis agus uirlisí tiomnaithe a d’fhéadfaí a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar neamhréireanna leachtachta struchtúracha i gcistí neamhiata. Ba cheart go gcuirfeadh uirlis den sórt sin ar chumas na n-údarás aghaidh a thabhairt ar riosca sistéamach *ex ante*, mar shampla, trí thréimhsí fógra níos faide a shonrú do chohóirt áirithe cistí, nó trí mhinicíocht na fuascailte a theorannú.

Beartas luacha saothair agus CSR: I bhfianaise an dúshláin ollmhóir infheistíochta atá roimh an Aontas mar a cuireadh i dtábhacht i dtuarascáil Draghi, tá sé ríthábhachtach go ndíreofar cistí sa treo ceart, i gcomhréir le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais. Mar scairshealbhóirí i líon suntasach cuideachtaí atá gníomhach ar fud an domhain, tá freagracht thábhachtach ar bhainisteoirí sócmhainní ina leith sin. Léiríonn sonraí le déanaí na seasaimh sách éagsúil a ghlac cuideachtaí bainistíochta sócmhainní na Stát Aontaithe i gcomparáid lena n-iomaitheoirí san Aontas, maidir le rúin CSR sna cuideachtaí sin. Go deimhin, is gnách le bainisteoirí sócmhainní SAM vótáil i gcoinne rúin shóisialta agus chomhshaoil, agus vótálann bainisteoirí sócmhainní Eorpacha i bhfabhar na rún sin den chuid is mó (AE: thart ar 80 % i bhfabhar, agus thit líon na mbainisteoirí sócmhainní atá bunaithe sna Stáit Aontaithe ó 49 % in 2021 go 17 % in 2024).[5] I bhfianaise an mhéid sin, molann an Rapóirtéir dhá athchóiriú. Ar an gcéad dul síos, i bhfianaise chlár oibre an Aontais maidir le huathriail straitéiseach in éineacht le riachtanais infheistíochta inbhuanaithe an Aontais, molann an Rapóirtéir leibhéal an luacha saothair inathraithe a nascadh freisin le spriocanna CSR a bhaint amach. Ar an dara dul síos, le treoir GCUI agus leis an Treoir maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta

[5] https://www.bruegel.org/policy-brief/risks-europe-us-dominance-global-asset-management

Malartacha, ba cheart cóimheas soiléir a shocrú idir luach saothair seasta agus luach saothair inathraithe, amhail mar atá sa Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil don earnáil baincéireachta.